Tá an Dr Fitzgerald tagtha chuig OL as UCD, áit a raibh sé ina Ollamh le Leigheas Móilíneach, ina Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Sláinte agus ina Phríomhoifigeach Acadúil ar Ghrúpa Ospidéal Oirthear na hÉireann.

Is céimí leighis de chuid UCD é agus cuireadh oiliúint air sa Chairdeolaíocht agus sa Chógaseolaíocht Chliniciúil in Ollscoil Vanderbilt. D'fhan sé sna Stáit Aontaithe go dtí 1991 mar Ollamh Comhlach le Leigheas agus Cógaseolaíocht agus mar Stiúrthóir ar Aonad Cúraim Chorónaigh Ospidéal VA. Ó 1994, bhí sé ina Ollamh le Cógaseolaíocht Chliniciúil agus ina dhiaidh sin ina Cheann Taighde i gColáiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn. Ó 2004, bhí poist éagsúla aige in UCD, lena n-áirítear Leas-Uachtarán Taighde.

Bhí sé ar roinnt comhlachtaí náisiúnta, lena n-áirítear Bord Leigheasra na hÉireann, an Bord Taighde Sláinte (a raibh sé ina chathaoirleach air) agus Foras Croí na hÉireann, chomh maith le coistí Chumann Cairdeolaíochta na hEorpa, Institiúid Náisiúnta Taighde Sláinte na Ríochta Aontaithe agus Clár Comhaltachta Idirnáisiúnta Fhoras Merck. Tá os cionn 350 páipéar foilsithe aige ar ghalar cardashoithíoch, trombóis, géineolaíocht agus próitéamaíocht.

I ráiteas, tráth a cheaptha, dúirt an Dr Fitzgerald gur onóir dó a bheith i gceannas ar OL agus bhí sé ag súil le bheith ag obair le comhghleacaithe agus le comhpháirtithe chun próifíl acadúil láidir náisiúnta agus idirnáisiúnta a chinntiú.



I ráiteas, tráth a cheaptha,

dúirt an Dr Fitzgerald

gur onóir dó a bheith i

gceannas ar OL agus bhí sé

ag súil le bheith ag obair le

comhghleacaithe agus le

comhpháirtithe chun próifíl

acadúil láidir náisiúnta agus

idirnáisiúnta a chinntiú.

An Dr Des Fitzgerald, Bealtaine 2017

FORBAIRTÍ STRAITÉISEACHA EILE

2016 / 2017



Oscailt an Lárionaid Oideachais & Taighde Chliniciúil

I mí Feabhra, bhog an chéad fhoireann GEMS (Scoil Leighis Iontrála Iarchéime) isteach sa Lárionad Oideachais & Taighde Chliniciúil (CERC). Chosain an foirgneamh ceithre stór den scoth ar champas Ospidéal OL €14.5 milliún. Rinne OL agus FSS cómhaoiniú ar an bhfoirgneamh agus tá roinnt grúpaí foirne agus mac léinn éagsúil ann agus tagann sé in ionad na sean-áiseanna oideachais agus taighde a bhí scaipthe ar fud shuíomh an ospidéil.


Lárionad Oideachais & Taighde Chliniciúil (CERC), Ospidéal na hOllscoile, Luimneach



Linn Tumadóireachta Oilimpeach agus Ionad Ardheidhmíochta na Mumhan Seolta ag OL

D'oscail an tAire Stáit Patrick O'Donovan, an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt dhá fhoirgneamh spóirt nua ar fú thart ar €15 mhilliún iad. D'íoc mic léinn OL as cuid den chostas tógála a bhain le hIonad Ardheidhmíochta Rugbaí na Mumhan agus Linn Tumadóireachta nua 25m.

San áis traenála ardheidhmíochta do Rugbaí na Mumhan tá giomnásiam cuimsitheach, seomraí meáchain, áiseanna anailíse físe, seomraí cóireála fisiteiripe, áiseanna léachta, halla éisteachta 65 suíochán, seomraí feistis, áiseanna áineasa agus iteacháin agus áiseanna d'fheidhm riaracháin iomlán Rugbaí na Mumhan. Cuimsíonn an linn nua saoráidí tumadóireachta lingchláir 1m agus 3m ar chaighdeán Oilimpeach agus tá sé le feiceáil ón linn snámha atá ann cheana féin trí fhuinneog speisialta. Tá doimhneacht 4m sa linn snámha. Tá urlár saor ann mar aon le sail bharra agus is féidir í a fhoroinnt le haghaidh imeachtaí teicniúla ar nós Tumadóireacht Lingchláir, Snámh Sioncrónaithe agus traenáil Fo-Uisce, agus ag an am céanna freastalaíonn sé ar Chlár Foghlama Snámha na Scoileanna agus na Ranganna Bogshodair san Uisce do Dhaoine Scothaosta. Tá an linn nua áisiúil mar thacaíocht don sean-linn snámha 50m atá ar mhéid linn Oilimpeach mar áis réamhaclaíochta do Chraobhchomórtais Cianchúrsa Náisiúnta agus Idirnáisiúnta.



02 GRADAIM, DÁMHACHTAINÍ, ÉACHTAÍ AGUS RATHÚLACHT NA MAC LÉINN

GRADAIM

Suirbhé Baraiméadair Idirnáisiúnta na Mac Léinn

Léirigh na torthaí ó Shuirbhé Baraiméadair Idirnáisiúnta na Mac Léinn go raibh OL rangaithe i measc na n-ollscoileanna is fearr ar fud an domhain maidir le heispéreas foghlama na mac léinn, saol maireachtála ar an gcampas nach féidir a shárú a fháil agus infhostaitheacht thar barr na gcéimithe. Tá seasamh láidir coinnithe ag OL i Suirbhé Baraiméadair Idirnáisiúnta na Mac Léinn, a foilsíodh i mí Eanáir, agus is í an ollscoil is mó a mholtar in Éirinn i gcónaí í. Rinne an grúpa taighde neamhspleách i-graduate an suirbhé agus bhí os cionn 18,257 mac léinn idirnáisiúnta in 182 institiúid ar fud an domhain páirteach ann.

Maidir le taithí foghlama na mac léinn tá OL rangaithe mar seo a leanas:

- 1ú háit in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe le haghaidh tacaíochta i mBéarla
- 2ú háit in Éirinn do léachtaí ardchaighdeán, eagrú cúrsaí agus méid ranga is fearr
- 9ú háit san Eoraip don Bhéarla acadúil agus 10ú háit do thacaíocht foghlama

Gradam Sábháilteachta ar Bhóithre

Bronnadh gradam ‘Leading Lights in Road Safety’ de chuid an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) ar OL don tríú bliain as a chéile i mí na Nollag. Bhain OL amach an gradam oideachais tríú leibhéal dá thionscnamh Taistil Níos Cliste, atá deartha chun iompar taistil inbhuanaithe a chur chun cinn, mar shampla siúl, rothaíocht, an bus agus roinnt carranna i measc fhoireann agus mhic léinn OL. Cuireann Roinn na bhFoirgneamh agus na nEastát Taisteal Níos Cliste chun cinn san Ollscoil faoi stiúir na gcomhordaitheoirí Ross Higgins agus Sean Collins.

KBS Ainmnithe mar an Scoil Ghnó Is Fearr

Ainmníodh Scoil Ghnó Kemmy mar an Scoil Ghnó is fearr in Éirinn in 2016 ag Gradaim Aitheantais InBUSINESS i mBaile Átha Cliath. Roghnaíodh buaiteoirí na ngradam bunaithe ar 22 catagóir a bhaineann le critéir fáis, próifíl ghnó, réimse seirbhísí agus cúram custaiméirí. Aithníodh KBS mar gheall ar an méadú ar líon agus ar chaighdeán na mac léinn a tháinig isteach, a ráta fostaíochta mac léinn níos airde ná an meán náisiúnta agus a chaidreamh oibre an-láidir le fostóirí, le comhlachais áitiúla agus le gnóthaí áitiúla.

Scoil Dlí na Bliana


Ainmníodh Scoil an Dlí mar Scoil Dlí na Bliana ag 6ú Gradam Bliantúil Dhlí na hÉireann de chuid Bhaincéireacht Phríobháideach AIB. Thacaigh Comhairle Bharra na hÉireann agus Dlí-Chumann na hÉireann leis na gradaim.

SSPC Ainmnithe mar Ionad Taighde Cógaisíochta na Bliana

Fógraíodh Ionad Cógaisíochta Sintéise agus Stáit Soladach (SSPC), ionad taighde SFI maoinithe ag an tionscal san Institiúid Eolaíochta Ábhar & Dromchla (MSSI), mar Ionad Taighde Cógaisíochta na Bliana 2016. Ba é seo an tríú huair a fuair an SSPC an teideal seo ag Gradaim Thionscal na Cógaisíochta. Le 12 mhí anuas, fuair an SSPC maoiniú os cionn €7 milliún do thionscadail atá nasctha leis an tionscal cógaisíochta agus sheol sé tionscadail nua agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta le hionaid taighde suntasacha i ndéantúsaíocht cógaisíochta.

Gradaim Eile 16/17

- Bhuaigh clár Socrúcháin Tionscail PhD SSPC gradam Sármhaitheasa in Oideachas agus Oiliúint, ag na Gradaim Cheannaireachta agus Bhainistíochta Acmhainní Daonna. Déanann na gradaim seo ceiliúradh ar bharr feabhais agus ar ról atá ag teacht chun cinn sna hAcmhainní Daonna mar fheiste bainistíochta straitéisí a thagann le cuspóirí gnó eagraíochtúla, atá mar bhonn le brabúsacht ghnó agus le hinbhuanaitheacht. Déanann an Dr Sarah Hayes, Oifigeach Oideachais agus For-rochtana an SSPC, comhordú ar an gclár agus tacaíonn sí leis an gclár a nascadh le curaclam PhD a bhfuil riachtanais na hearnála tionscail aige. Ó thosaigh an clár dhá bhliain ó shin, chuir an clár SSPC beirt is fiche mac léinn PhD ar shocrúchán sa tionscal. I measc na gcuideachtaí atá páirteach go dtí seo tá Pfizer, Eli Lilly, GSK, Janssen, MSD, BMS, Roche, Alkermes, Abbvie/Fournier Labs, Clarochem Ireland agus APC Ltd.
- I mbliana, bhuaigh OL dhá Ghradam Gnó Idirnáisiúnta, ar a dtugtar Gradaim Stevie. Bhain sé amach an craobh óir i bhFeachtas Cumarsáide/PR na Bliana - catagóir na gCeisteanna Domhanda agus craobh airgid i bhFeachtas Cumarsáide/PR na Bliana - catagóir na mBuiséad Beag. Léirigh an feachtas buaiteach - ‘Meet the Mesentery - The Organ Hiding in Plain Sight’ taighde an Ollaimh Calvin Coffey, Ollamh le Máinliacht i Scoil Leighis Iontrála Iarchéime OL agus Máinlia Comhairleach i nGrúpa Ospidéal OL.
- Fuair KBS Gradam Aitheantais Sármhaitheasa ó na Náisiúin Aontaithe as an tuarascáil PRME SIP (Eolas a Roinnt ar Dhul Chun Cinn) ag cruinniú le déanaí d’oifigigh na Náisiún Aontaithe, déin, feidhmeannaigh ghnó, foireann teagaisc, mic léinn agus páirtithe leasmhara. Roghnaigh grúpa athbhreithnithe piaraí naoi n-institiúid faoi threoir Giselle Weybrecht, Comhairleoir Speisialta do PRME agus saineolaí in oideachas gnó inbhuanaithe. Ní hamháin go dtugann seo aitheantas do chaighdeán tuarascáil KBS, ach freisin an méid a chuireann ceisteanna inbhuanaitheachta, freagrachta agus eitice taca faoi ghníomhaíochtaí teagaisc, taighde agus rannpháirtíochta in KBS. Cuireann rannpháirtíocht KBS leis na Náisiúin Aontaithe mar Churadh-Scoil PRME go mór le próifíl idirnáisiúnta KBS, agus cuireann sé líonraí ardcháilíochta ar fáil don Scoil dá bhrí sin. Nascann sé KBS freisin leis na mórchomhlachtaí creidiúnaithe agus éascaíonn sé rannpháirtíocht sheachtrach KBS.



Amharc ón aer ar an Droichead Beo, Ollscoil Luimnigh

DOCHTÚIREACHTAÍ OINIGH

Is í an dochtúireacht oinigh an onóir is airde a bhronnann OL ar aon duine agus bronnar í ar dhaoine spreagúla a dhéanann obair mhór sa réimse ina bhfuil siad ag obair. I mbliana, ba mhór ag OL gradam oinigh a bhronnadh ar bheirt eisceachtúla.

I mí Aibreáin, bhronn OL Dochtúireachtaí Oinigh ar an tSiúr Angela Bugler, iar-Uachtarán Choláiste Mhuire gan Smál, Luimneach agus ar Vincent Roche, Uachtarán agus POF Analog Devices ar fud an domhain. Bronnadh Dochtúireacht le Litríocht ar an tSiúr Bugler. Bronnadh Dochtúireacht le hInnealtóireacht ar an Uasal Roche. Bronnann an Ollscoil céimeanna oinigh ar dhaoine mór le rá a chuir go mór lena réimsí féin.



DUAISEANNA AGUS ÉACHTAÍ

Rinneadh Comhalta de Chumann Criadóireachta na hEorpa den Ollamh Michael Pomeroy

Rinneadh Comhalta de Chumann Criadóireachta na hEorpa ag searmanas i mBúdaipeist den Ollamh Michael Pomeroy as Scoil na hInnealtóireachta agus Institiúid Bernal. Tá an tOllamh Pomeroy le OL ó 1979. Tá níos mó ná 200 alt teicniúil foilsithe aige, lena n-áirítear 92 alt in irisí innéacsaithe ISI. Faoi láthair tá sé ag déanamh eagarthóireachta ar an Rannóg Criadóireachta de mhodúl tagartha Elsevier in Eolaíocht Ábhair & Innealtóireacht Ábhair. Tá an tOllamh Pomeroy ina bhall bunaidh d'Fhóram Ábhar na hÉireann (1983) agus ina bhall den ECerS ó 2011 i leith.

Glacadh leis an Ollamh Michael Zaworokto i gCumann Léannta na Breataine Bige

Toghadh an tOllamh Michael Zaworokto, Ollúnacht Bernal le hInnealtóireacht Chríostail, mar chomhaltacht i gCumann Léannta na Breataine Bige (LSW) mar aitheantas ar a fheabhas agus a éachtaí acadúla. Tá sé aitheanta go hidirnáisiúnta as a chuid oibre, ag cur samhlacha teoiriciúla tábhachtacha le chéile agus ag léiriú conas is féidir le hábhair chríostail aghaidh a thabhairt ar dhúshlán mar inbhuanaitheacht fuinnimh chun próisis laistigh den tionscal cógaisíochta a fheabhsú. Is é an tOllamh Zaworokto an chéad duine acadúil in OL le bheith ina bhall de Chumann Léannta na Breataine Bige.

An tOllamh Tiziana Margaria Ceaptha ina Comhalta de Chumann Ríomhaireachta na hÉireann

Ceapadh an tOllamh Tiziana Margaria, Roinn na Ríomheolaíochta agus na gCóras Faisnéise agus PI in Lero agus Confirm le déanaí mar Chomhalta de Chumann Ríomhaireachta na hÉireann. Is saineolaí í i gCórais Bhogearraí, go háirithe modhanna forbartha bogearraí ard-dearbhaite agus duine den bheagán Ollúna baineanna sa Ríomheolaíocht.

Comhaltacht Eolaí Óig don Dr Nanasahab Thorat

Bronnadh comhaltacht Eolaí Óig ó Fhondúireacht Nobel Laureate ar an Dr Nanasahab Thorat, taighdeoir iardhochtúireachta le hInstitiúid Bernal. Bronnadh Comhaltacht de chuid Boehringer Ingelheim Stiftung Foundation a aithníonn agus a thacaíonn le barr feabhais san eolaíocht ar Thorat, atá ina shaineolaí ar ábhair bhithleighis.

Comhaltacht Jerome Hynes don Dr Kathleen Turner

D'ainmnigh Comhairle Ealaíon na hÉireann an Dr Kathleen Turner, Dámh Chruinne Éireann Rince agus Ceol, mar bhuaiteoir ar Chomhaltacht Jerome Hynes 2017/2018, a thairgtear trí chlár Ceannaireachta Clore atá bunaithe sa RA. Tá sé mar aidhm ag an gclár bliana seo eolas, scileanna agus taithí na gceannairí ionchasacha sna healaíona a fhorbairt, thar raon leathan de ghníomhaíocht chultúrtha.

Gradam Pilgrim don Ollamh Emeritus Tom Moylan

Fuair an tOllamh Emeritus Tom Moylan, Scoil na Nuatheangacha agus na Teangeolaíochta Feidhmí, Gradam Pilgrim - gradam saoil as a chuid oibre le léann an Fhicsin Eolaíochta agus na Fantaisíochta. Ainmníodh an gradam i ndiaidh leabhar ceannródaíoch J. O. Bailey, Pilgrims through Space and Time. Bhronn an Science Fiction Research Association (SFRA) an gradam ar an Ollamh Moylan ag comhdháil bhliantúil an SFRA a réachtáladh in Ollscoil California.

An Dr Stephen Kinsella Ainmnithe mar Thráchtair Eacnamaíoch na Bliana

Ainmníodh an Dr Stephen Kinsella, Léachtóir Sinsearach le hEacnamaíocht in KBS mar Thráchtair Eacnamaíoch na bliana ag Gradaim Iriseora Gnó Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit UCD a tionóladh in 2016. Bhuaigh Kinsella an gradam dá chuid alt sa Sunday Business Post: ‘Crisis, What Crisis?’, ‘The Dickensian Repercussions’ agus ‘Time to Party Like it’s 2006’.

Gradaim agus Éachtaí eile 16/17

- Bhuaigh an tOllamh Gavin Walker agus foireann Shaotharlann Innealtóireachta Próiseas in Institiúid Bernal trí ghradam iomráiteacha le déanaí, lena n-áirítear ‘Saotharlann Acadúil nó Taighde na Bliana’ ag Gradaim Shaotharlainne na hÉireann 2017.
- Bhronn SHAPE America (Society of Health and Physical Educators) Gradam Onóracha Oideachais Múinteora ar an Dr Missy Parker, Roinn an Chorpoideachais agus na nEolaíochtaí Spóirt (PESS). Aithníonn an gradam obair eiseamláireach nuálach a bhfuil tionchar aici ar oideachas múinteoirí.
- Bronnadh Duais Leslie Holliday 2017 Institiúid Ábhair, Mianraí agus Mianadóireacht (IOM3) sa Ríocht Aontaithe ar an Dr Terry McGrail, Stiúrthóir agus Ceannaire Teicneolaíochta Lárionad Comhábhar na hÉireann (IComp) atá lonnaithe in Institiúid Bernal. Aithníonn an duais iad siúd a bhfuil cion suntasach teicneolaíochta déanta acu maidir le haon ábhar cumaisc. Meastar gurb é McGrail an príomhdhuine a stiúir forbairt na gcóras eapocsa níos daingne don dara glúin d’iarratais ar chomhábhair aeraspáis, is é sin ‘grúpa 977’ d’eapocsach ardteochta teirmeaphlaisteach a úsáidtear ar fud an domhain sa tionscal le tríocha bliain anuas.
- Fuair an Dr Jennifer McMahon Gradam na bliana seo don Fheabhas sa tSeirbhís don Phobal. Ainmníodh Jennifer as a cuid oibre le Cumann Meabhairshláinte Luimnigh, leis an tionscnamh Advancing Recovery agus le tionscadal Forbartha Pobail Chathair Luimnigh. Ag leibhéal réigiúnach agus náisiúnta, bhí ról lárnach ag McMahon maidir le meabhairshláinte dhearfach agus acmhainneacht a chur chun cinn, go háirithe i réimse na tacaíochta píaraí.
- Ba é buaiteoir Ghradam Jennifer Burke na bliana seo an Dr Antonio Calderon, roinn PESS. Ullmhaíonn an nuálaíocht, #CoolPE, múinteoirí réamhsheirbhíse don seomra ranga cuimsitheach sa ré dhigiteach. Bunaíodh Gradam Jennifer Burke don Nuálaíocht i dTeagasc agus Foghlaim in 2009, i gcuimhne Jennifer Burke, cara agus comhghleacaí mór le rá i bpobal Theicneolaíoch Foghlama na hÉireann. Aithníonn an gradam cleachtas nuálach i dTeagasc agus Foghlaim na hÉireann agus léiríonn sé an bheocht, cruthaitheacht, fuinneamh agus paisean don fhoghlaim a bhí ag Jennifer.
- Bronnadh an Tionscnamh Ollscoile is Fearr ar an tionscadal Ostoform, faoi stiúir an Dr Leonard O’Sullivan agus an Ollaimh Calvin Coffey as GEMS, ag taispeántas FÉ Big Ideas. Feiste leighis is ea Ostoform chun deacrachtaí craicinn a chosc in othair a bhfuil ostóime orthu. Tacaíonn FÉ leis an tionscadal faoin gCiste Tráchtálaíochta. Bhuaigh sé freisin Comórtas Acadamh Nua-Thionscanta AIB 2017 ar an 20 Aibreán. Tionscadal is ea Ostoform a fhaigheann tacaíocht ó FÉ, chun feiste leighis a fhorbairt chun deacrachtaí craicinn a chosc in othair a bhfuil ostóime orthu.
- Bhuaigh Stiúrthóir Taighde GEMS, an tOllamh Colum Dunne agus an Dr Shane Knox, céimí PhD, péire de na seacht nGradam Rochtana Oscailte de chuid FSS i mí na Nollag 2016. Tugann na gradaim seo léargas ar na foilseacháin rochtana oscailte is fearr atá dírithe ar chúram sláinte scríofa ag taighdeoirí na hÉireann. Bhí an chéad cheann de na gradaim sa chatagóir d’Fheabhas Cáilíochta do pháipéar ina gcuirtear síos ar an tairbhe agus an éifeachtúlacht eacnamaíoch a bhaineann le cúram frithvireasach i leanaí a bhfuil fiobrós chisteach orthu, agus bhí an dara ceann i gcatagóir na nOspidéal Géarmhíochaine do pháipéar ina gcuirtear síos ar na chéad treoirilínte d’Inniúlacht Ghairmiúil Leanúnach (CPC) do theicneoirí leighis éigeandála in Éirinn.
- Fuair an Dr Barbara Geraghty, Scoil na Nuatheangacha agus na Teangeolaíochta Feidhmí Moladh Aireacht Gnóthaí Eachtracha na Seapáine as a cuid oibre i réimsí cultúrtha agus eile ag ócáid ag comóradh bunú caidreamh taidhleoireachta idir Éire agus an tSeapáin. Fuair Geraghty teastas buíochais freisin ó Aireacht Gnóthaí Eachtracha na Seapáine as teagasc na Seapáinise in OL ó 2000 i leith.
- Fuair an scríbhneoir Julian Gough sparánacht €20,000 chun bheith ina scríbhneoir cónaitheach nua le Scoil an Chultúir agus na Cumarsáide. Baineann an post bliana, atá maoinithe ag OL agus ag an gComhairle Ealaíon, le mic léinn an MA sa Scríbhneoireacht Chruthaitheach a mhúineadh.
- Fuair an tOllamh Brian Fitzgerald an gradam d’Ambasadóir Comhdhála le déanaí mar aitheantas ar an 37ú Comhdháil Idirnáisiúnta ar Chórais Faisnéise (ICIS) a thabhairt go hÉirinn in 2016.

- Ceapadh an Dr Aileen Dillane mar Chomhalta Dáimhe Herbert Allen & Donald R. Keough ar Cuairt agus Comhalta Dáimhe Moore & Livingston in Institiúid an Léinn Éireannaigh Keough-Naughton in Ollscoil Notre Dame, agus í ar saoire shabóideach do 2017-18.
- Ghnóthaigh an tOllamh Mel Mercier, Ollúnacht leis na Taibh-Ealaíona i nDámh Chruinne Éireann Rince agus Ceol Bonn Cré-umha sa chatagóir Cultúr agus Ealaíon ag Gradaim Chlár Raidió Idirnáisiúnta Fhéile Nua-Eabhrac 2017 do na Cláir Raidió is Fearr ar Domhan. Roghnaigh coiste idirnáisiúnta stiúrthóirí, léiritheoirí, scríbhneoirí, tuairisceoirí, stiúrthóirí cruthaitheacha agus stiúrthóirí clár, ar fud na cruinne, clár faisnéise Mercier faoina athair, Peadar Mercier. Bhí an clár faisnéise, a choimisiúnaigh an tsraith RTÉ Documentary on One, comhléirithe ag Liam O’Brien agus craoladh é den chéad uair i Meán Fómhair 2016.
- Bronnadh Deontas Charlemont Acadamh Ríoga na hÉireann ar an Dr Mariano Paz, Scoil na Nuatheangacha agus na Teangeolaíochta Feidhmí do 2017.
- Ainmníodh an tOllamh Ann MacPhail mar Scoláire Oideolaíochta Corpoideachais agus Spóirt de chuid Chumann Taighde Oideachais na Breataine 2016 i mí Dheireadh Fómhair.

LÉACHTAÍ TIONSCNAIMH

An tOllamh Tiziana Margaria

Thug an tOllamh Tiziana Margaria a léacht tionscnaimh, dar teideal ‘Soft Matters’ ar an 25 Eanáir 2017.

An tOllamh Catherine Woods

Ar an 9 Bealtaine, thug an tOllamh Catherine Woods a léacht tionscnaimh, dar teideal “Lack of physical activity is a global epidemic: Can Ireland show the way forward?”

An tOllamh Jacques Huyghe

Thug an tOllamh Jacques Huyghe a léacht tionscnaimh ar an 24 Bealtaine. Ba é an teideal a bhí ar an léacht ‘Interfacial forces: how it structures biology and industry’.



Amharc ar Áras Shruth an Mhuilinn, Ollscoil Luimnigh

ÉACHTAÍ NA MAC LÉINN

Comhaltachtaí In Google News Lab

Fuair triúr mac léinn Iriseoireachta OL ceann de chúig Chomhaltacht Google News Lab in eagraíochtaí meán cumarsáide mór le rá in Éirinn. Tugann na comhaltachtaí deis dóibh siúd a bhfuil suim ar leith acu in iriseoireacht atá tiomanta ag sonraí taighde a dhéanamh agus scéalta a scríobh agus sonraí tráthúla a chruthú chun díospóireachtaí a chruthú go cruinn faoi shaincheistanna in Éirinn agus ar fud an domhain. Cuirfidh Jennifer Purcell, BA in Iriseoireacht agus na Meán Nua, a socrúchán i gcrích leis an Irish Times. Beidh Cillian Sherlock, BA in Iriseoireacht agus na Meán Nua, leis an Irish Independent. Oibreoidh Andrew Roberts, MA in Iriseoireacht agus na Meán Nua le TheJournal.ie.



Bean Irish Tatler na Bliana

Bronnadh gradam Bean Irish Tatler na Bliana 2016 ar alumna OL, Raz Ibraheem ag searmanas i mBaile Átha Cliath. Aithníonn na gradaim an tionchar a bhíonn ag mná ar shaol na hÉireann laistigh dá réimsí tionchair agus saineolais agus tarraingíonn siad aird ar nuálaithe agus ar chinnteoirí 2016. Fuair Raz Ibraheem, iriseoir le Storyful, an Gradam Idirnáisiúnta as a cuid iarrachtaí aird a tharraingt ar an gcogadh sa tSiria.



Sindy Joyce ag cur Comhairle ar Chlár Faisnéise RTÉ

D'oibrigh Sindy Joyce, mac léinn PhD Socheolaíochta, le foireann taighde RTÉ ar chlár faisnéise trí pháirt a chuir John Connors i láthair faoi Lucht Taistil na hÉireann. Tá scoláireacht AHSS an Chláraitheora ag Sindy faoi láthair agus fuair sí scoláireacht iarchéime ó Fhionúireacht OL roimhe seo agus tarscaoileadh táillí ón Roinn Socheolaíochta/AHSS. Bhronn an IRC maoiniú iarchéime uirthi freisin.

Gradaim do Sarah Guerin

Bhuaigh Sarah Guerin, mac léinn PhD in Institiúid Bernal, an Páipéar Taighde Comhdhála is Fearr ag an 7ú Lá Taighde Bliantúil ag Comhfhiontar OÉ Gaillimh-OL. Ba é teideal a cuir i láthair; 'First Principles Design of Organic Piezoelectric Devices'. Bhuaigh sí an chéad duais freisin i gcomórtas náisiúnta 'Thesis in 3' in 2016, urraithe ag Clár Discover SFI. Ba é teideal chur i láthair Sarah 'Nature's Shocking Secret'. Oibríonn Sarah leis an Dr Damien Thompson agus leis an Dr Tofail Syed, Roinn na Fisice ar phísileictreachas próitéine. Thug Guerin a cur i láthair buaiteach freisin ag Cruinniú Mullaigh Eolaíochta SFI 2016 a tionóladh i mí na Samhna.



ÉACHTAÍ EILE NA MAC LÉINN

2016 / 2017

- Le déanaí, ba iad mic léinn OL Eoin Hann, Innealtóireacht Shibhialta; Darren Fehilly, Innealtóireacht Mheicniúil; Patrick Lu, Innealtóireacht Leictreonach agus Ríomhaireachta; agus David Monaghan, Gnó, an chéad fhoireann lasmuigh de Cheanada chun na gradaim is airde a bhaint amach ag an gComórtas Idirnáisiúnta do Chás Innealtóireachta agus Tráchtála (ECCC). Díríonn an comórtas idirdhisciplíneach seo ar Innealtóireacht agus Tráchtáil a chur le chéile chun réitigh a aithint go comhoibríoch ar fhíor-dhúshláin dhomhanda atá roimh thionscail nua-aimseartha. Chomh maith leis an mbua iomlán a bhaint amach, bhuaigh foireann OL an Réiteach Innealtóireachta is fearr agus an Réiteach Inbhuanaithe is fearr. Rinne an Dr Vanessa Egan, Léachtóir in Innealtóireacht Mheicniúil agus an Dr Briga Hynes, Léachtóir Fiontraíochta in KBS meantóireacht ar na mic léinn.

- Roghnaíodh an mac léinn Sarah Murray, BBS Cuntasaíocht agus Fraincis chun ionadaíocht a dhéanamh ar Ernst & Young (EY Ireland) ag Comhdháil Ceannaireachta Intéirneachta Idirnáisiúnta (ILLC) in Orlando, Florida. Chríochnaigh Murray intéirneacht samhraidh le EY ina n-oifig i Luimneach agus roghnaíodh í mar ionadaí na cuideachta ag an gcomhdháil idirnáisiúnta.

- D'fhógair an Dr John Lannon, KBS buaiteoirí an taispeántais straitéise meán sóisialta is fearr, ag aonach scéil #BR4041 'Social Media for Social Good' a tionóladh le déanaí. Dhear Tiffany Fanning, Karl Mulligan, Ryan Sheehan, Sarah Long agus Jordan Corkery straitéis meán sóisialta do Chathracha Trócaireacha in OL, a dhíríonn ar dheireadh a chur leis an stiogma a bhaineann leis an mbás ar an gcampas.

- Bronnadh comhaltacht Dhomhanda Marie Curie ar an Dr Mary O'Keeffe, as a cuid oibre; 'COMPEL-Costs and Mechanisms of Personalised Exercise and Education for Chronic Low back pain'. Caithfidh an Dr O'Keeffe dhá bhliain ag Institiúid George in Sydney sula bhfillfidh sí ar an Eoraip/Luimneach don bhliain deiridh.

- Bhuaigh Mairead O'Regan, Law Plus, Comórtas Bréagchúirte Silken Thomas.

- Bhuaigh Sarah McCarthy, Law Plus, Gradam Nuálaíochta na Mac Léinn do Smaointe Ceannasacha de chuid A&L Goodbody 2016, as a moladh cur le cáil agus le rath na hÉireann ar an stáitse idirnáisiúnta. Molann aighneacht bhuaiteach McCarthy go mbunófaí Margadh Infheisteoirí Fintech na hÉireann (IFIM) a nascfadh gnólachtaí nuathionscanta teicneolaíochta na hÉireann le cuideachtaí airgeadais eachtracha bunaithe, ar mian leo infheistíocht ísealriosca a dhéanamh in Éirinn.

- Bronnadh duais Rannpháirtíochta Arthur Cox 2017 ar Ciara Murphy, Dlí agus Cuntasaíocht, tar éis di na gráid acadúla is airde a bhaint amach ina scrúduithe Dlí is déanaí. Bronntar an duais freisin ar bhonn rannpháirtíochta níos leithne sa saol in OL agus tá obair dheonach agus éachtaí snámha go leor bainte amach ag Murphy.

- Bronnadh an Gradam Gnó Bia & Talmhaíochta is Fearr ag Gradaim Ghnó Phort Láirge ar Michael Kelly, céimí BBS agus bunaitheoir Grow It Yourself (GIY) Ireland atá bunaithe i bPort Láirge. Is eagraíocht neamhbhrabúis í GIY, a bhfuil sé mar aidhm aici daoine a spreagadh chun a gcuid bia féin a fhás agus na scileanna atá riachtanach dóibh a thabhairt dóibh.

- Bronnadh Gradam Aitheantais Speisialta an Mholtóra ag Gradaim Ghnó Phort Láirge ar chéimithe MBA, Tom Brennan agus Patsy Carney ó Eirgen Pharma. Bronnadh an gradam mar aitheantas as an méid a chuir siad le timpeallacht chultúrtha agus gheilleagrach Phort Láirge agus as daoine eile a spreagadh trína dtiomantas, inspreagadh agus fis eisceachtúil.

- Ainmníodh Steve Murphy mar Dhearthóir Logitech na Bliana. Ardchóras freagrachta do lucht múchta dóiteáin agus áis chumarsáide phearsanta is ea a tháirge NAVU. Oibríonn sé trí mhonatóireacht a dhéanamh ar na gluaiseachtaí a dhéanann comhraiceoir dóiteáin ón nóiméad a théann siad isteach i suíomh ina bhfuil tine.

- Bhuaigh foireann OL 'Trash Team Racing' Comórtas Stiúideo Cluichí 2017 a réachtáladh mar chuid de Fhleadh Cluichí 2017 in LIT Thiobraid Árann. Cúigear mac léinn ón BSc Forbairt Cluichí Ríomhaireachta OL atá ar Trash Team Racing; Joseph Greaney, David Ryley, David Ryan, Christopher Brady agus Shane O'Malley. D'eagraigh Ionad Foghlama TFC OL rannpháirtíocht na foirne.

- Bhuaigh Niamh Donnell, MA sa Scríbhneoireacht Chruthaitheach, Gradam na Chéad Ghlúine Eile don Litríocht 2018 de chuid na Comhairle Ealaíon agus fuair sí deontas €15,000 chun a chur ar a cumas díriú ar a cuid scríbhneoireachta.

- D'eagraigh Scoil an Dlí agus GEMS Comórtas Idirghabhála Kate Fleming sa Dlí Leighis 2016/17 i mí Feabhra. Bhí cúig mhac léinn déag de chuid an Dlí agus an Leighis ar fhoirne trasdisciplíneacha chun éileamh ar fhaillí leighis a réiteach. Ar an bhfoireann a bhuaigh bhí mic léinn GEMS, Michelle Stephenson agus Anna Howard, agus mic léinn dlí, Siobhan Macloingsigh agus Blaithe O'Shea. Thug an comórtas deis uathúil d'fhoghlaim idirdhisciplíneach le mic léinn ag déanamh taighde ar an dlí, ag scríobh tuarascáil shaineolach agus ag cinneadh straitéise le haghaidh idirghabhála.

- Is é Barry Lunn, céimí an MA sa Bhainistíocht Fiontraíochta Idirnáisiúnta, comhbhunaitheoir/POF Arralis, ar bronnadh Gradam Nuálaíochta na Bliana an Irish Times le déanaí air. Dhear Arralis sraith sliseanna radair minicíochta an-ard - Arralis 94GHz - a bhfuil raon leathan feidhmeanna féideartha aige. Áirítear orthu sin cuidiú le díluchtuithe gan foireann trí spásárthaí, córais cosanta aeir, córais treorach dróin, radar aerfoirt, gluasteáin gan tiománaí chomh maith le teileachumarsáid 5G ar an idirlíon agus an chéad ghlúin eile. Ghlac an cuideachta, atá lonnaithe in OL, an chéad áit sa chatagóir 'IT & Teileachumarsáid' agus chuaigh sí ar aghaidh chun dul san iomaíocht i gcoinne sé bhuaiteoir eile sa chatagóir chun an gradam is fearr a bhaint amach.

- Le déanaí, d'ainmnigh Cumann Tráchtála Mheiriceá in Éirinn Siobhan O'Reilly, Céimí Dlí agus Cuntasaíochta, agus John Noonan, Céimí Dioplóma i Riarachán Gnó, mar Cheannairí Gnó Todhchaí na hÉireann mar chuid de chlár na gCeannairí sa Todhchaí. Stiúirann O'Reilly Díolacháin Fiontraíochta ag Dropbox agus tá Noonan ina Cheannaire Foirne Cáilíochta le Johnson & Johnson Vision Care. Is tionscnamh é Clár na gCeannairí sa Todhchaí, a seoladh i mí na Bealtaine 2016, a bhfuil sé mar aidhm aige an chéad ghlúin eile de cheannairí a spreagadh i measc ballcuideachtaí.

- Bronnadh an chéad áit ar Aideen Kelly, MSc i mBainistíocht Riosca agus Árachas ag Comórtas Aistí Insurance Ireland, ag Fóram Árachais na hEorpa. Bhronn Frank Mee (Allianz), Cathaoirleach an phainéil moltóirí tionscail, seic €1,000 ar Kelly thar ceann Insurance Ireland. Bhí an comórtas aistí oscailte do mhic léinn iarchéime a bhí ag déanamh staidéir ar mhodúl i ndisciplín na Bainistíochta Riosca agus Árachais.
- Bhuaigh Cian McKeown, mac léinn PhD faoi stiúir an Dr Fernando Rhen, Bonn Rosse Institiúid na Fisice (IOP) as a chur i láthair dar teideal; 'How Strain Enhances Fuel Cell Catalysts'. Foilsíodh an taighde le tacaíocht ó SFI le déanaí sa Journal of Physical Chemistry agus léiríonn sé an taighde ardtionchair atá á dhéanamh sa Roinn Fisice agus in Institiúid Bernal in OL.
- Bhain mic léinn KBS, Robin Bogan, MSc in Airgeadas Ríomhaireachta, Sinead McInerney, MSc i mBainistíocht Riosca agus Árachas, agus Shane Brosnan, MSc i Seirbhísí Airgeadais, an dara háit amach sa chéim dheireanach de Dhúshlán Bainistíochta Riosca Chumann Idirnáisiúnta na mBainisteoirí Idirnáisiúnta um Riosca Gairmiúil (PRMIA). Ba iad na mic léinn na chéad ionadaithe ó Chaibidil PRMIA na hÉireann agus bhí siad i gcomórtas le foirne ó Cheanada, ón Iodáil, ó SAM agus ón Rúis. Tá Scoláireacht PRM faighte ag an bhfoireann, a cheadaíonn rochtain saor in aisce ar shraith na Scrúduithe Bainisteora Riosca Ghairmiúil atá aitheanta go domhanda, ar fiú breis is \$1,200 an ceann iad.



Foirmeacha Geoiméadracha, Alexandra Wejchert, Ollscoil Luimnigh

ÉACHTAÍ SPÓIRT

Craobh Dhomhanda Chumann Karate na Seapáine

Reáchtáladh Craobhchomórtais Dhomhanda Chumann Karate na Seapáine (JKA) in Airéine OL i mí Lúnasa. Ba é seo an chéad uair a d'eagraigh Éire an comórtas. Bhí níos mó ná 2,500 duine i láthair agus ghlac iomaitheoirí as 58 tír páirt san imeacht seachtaine. Tarlaíonn an imeacht lasmuigh den tSeapáin uair amháin gach sé bliana agus tionóladh é san Astráil agus sa Téaváin roimhe seo.




Charlotte Anfindsen agus Janette Hansen ó Fhoireann Karate JKA na hIorua in Ollscoil Luimnigh

TAIGHDE, FIONTAR AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT

03

TAIGHDE



Nicole Drought Ainmnithe mar Bhean Spóirt na Bliana

Bronnadh Bean Spóirt na Bliana Sportswomen.ie 2016 ar Nicole Drought, mac léinn KBS. D'ainneoin nár tosaigh sí raonrásaíocht carranna ach dhá bhliain ó shin, tá an-rath ar Drought agus í ar an gcéad bhean a ainmníodh do Ghradam Tiománaí Óig Motorsport Ireland in 2015, an chéad bhean a bhuaigh in Irish Touring Cars in 2016 agus cháiligh sí chun tosaigh ina céad rás i gcarr spóirt sa Bhreatain Bheag nuair a chuaigh sí isteach sa Global GT Lights le haghaidh babhta dá gcomórtas craoibhe.

Roghnú Bhuíon Sé Náisiún na hÉireann F20

Roghnaíodh mic léinn Staidéar Gnó na chéad bhliana, Liam Coombes, Peadar Collins, Conor Fitzgerald agus Jack Lyons, mar aon le mic léinn Eacnamaíochta agus Socheolaíochta, John Foley, Fineen Wycherley, Gavin Coombes agus mac léinn Baitsiléir Eolaíochta sa Bhainistíocht Teicneolaíochta Adam Moloney, le bheith ar bhuíon Sé Náisiún na hÉireann F20, urraithe ag PwC.



Micreascóp ar fiú na Milliún Euro é

I mí an Mheithimh, nocht an tAire Oideachais agus Scileanna, Richard Bruton TD agus an tOllamh Mark Ferguson, Stiúrthóir SFI, micreascóp ar fiú na milliún euro é arna mhaoiniú ag SFI agus OL. Cuirfidh Leictreonmicreascóp Tarchuir Seachráin Dúbailte Ceartaithe (TEM) FEI Titan Theris ar chumas taighdeoirí staidéar a dhéanamh ar ábhair ag leibhéal adamhach i bhfíor-dhálaí domhanda agus tá sé ar cheann de dhornán micreascóp leis na cumais seo ar fud an domhain.

Is fiú €6 mhilliún an TEM agus cuireadh trealamh speisialaithe breise €3 mhilliún le meaisín OL lena n-áirítear micreascópacht in-situ agus brathadóirí thar a bheith tapa agus íogaire, chomh maith le sealbhóirí comhshaoil, a chiallaíonn gur féidir staidéar a dhéanamh ar iompar ábhair i bhfíor-am thar raon timpeallachtaí.

D'fhéadfaí an micreascóp seo a úsáid i bpróisis fionnachtana agus deartha drugaí i dtionscal na cógaisíochta; i bhforbairt feistí leighis; i dtionscal na leictreonaice; agus i dtréithriú ábhar sa tionscal núicléach agus i dtionscal na heitlíochta.

(C-D) An Dr Des Fitzgerald, Uachtarán OL, an tOll. Edmond Magnier, Déan KBS agus an tOll. Ursel Bangert, Ollúnacht Bernal le Micreascópacht & Íomháu

Ollamh Gems i mbun an Chéad Obráid Róbataice in UHL

Is é an tOllamh J Calvin Coffey, GEMS OL, an chéad mháinliá sa tír chun obráid choloreictreach a dhéanamh ag úsáid róbait den scoth, an t-aon cheann dá leithéid in ospidéal poiblí in Éirinn. Rinne an tOllamh Coffey an obráid ag baint úsáide as an Róbat Déchonsóil Da Vinci Xi in Ospidéal na hOllscoile, Luimneach (UHL).

Is í máinliacht róbatach an caighdeán máinliachta idirnáisiúnta is airde ar fud an domhain agus is í an cineál máinliachta mionchró is fearr atá ar fáil d'othair í.


Cuireann teicneolaíocht Da Vinci Xi léirshamhlú 3D-HD ar fáil a thugann léargas thar a bheith méadaithe do mháinlianna, a leathnaíonn a súile agus a lámha isteach san othar go fíorúil. Chuir an tOllamh Coffey é seo i gcomparáid leis an máinliá 'ina sheasamh taobh istigh den bholg agus ag síneadh amach chuig na horgáin'.

Tá an róbat daingnithe nó nasctha leis an othar agus tá ceithre lámh air (nach bhfuil ach gearradh craicinn 8mm ag teastáil ó gach ceann acu) agus a bhfuil na hionstraimí oibriúcháin ceangailte leo. Tá na hionstraimí thar a bheith beacht, gan croitheadh ar bith, agus is féidir leo gníomhaíochtaí a dhéanamh nach féidir le lámh an duine, cé nach dtiocfadh siad in áit lámh an duine, tá siad á rialú go hiomlán ag an máinliá.

Cosnaíonn clár róbatach Da Vinci Xi, atá ar siúl anois ag Grúpa Ospidéal OL, €2.8 milliún le rith agus tá sé á mhaoiniú ag Iontaobhas Forbartha Ospidéal an Mheán-Iarthair, Ciste Carthanachta JP McManus, OL agus Scoil Leighis Iarchéime OL.

Tá an cumas anois ag UHL máinliacht bheo a chraoladh laistigh den ospidéal chuig na dochtúirí sóisearacha ar scála beag agus beidh sé ábalta craoladh beo chuig OL sna míonna amach romhainn. Cuireann sé seo clár oideachais nach féidir a shárú ar fáil don fhoireann leighis, don fhoireann altranaís agus do na mic léinn araon.

Chuir OL, an comhpháirtí acadúil do Ghrúpa Ospidéal OL, €135,000 ar fáil don tionscadal le haghaidh trealamh closamhairc agus oiliúna.



(C-D) C Cowan, POF Ospidéal OL, an tOll. J C Coffey, Máinliá Ginearálta & Colaireictreach, Ospidéal na hOllscoile, Luimneach & GEMS & S Giri, Máinliá Úireolaíoch

Cruthaíonn Taighdeoirí OL Leictreachas ó Dheora

Tá foireann eolaithe ag OL tar éis a fháil amach gur féidir le brú ar phróitéin atá le fáil i ngealacáin uibhe agus deora leictreachas a ghiniúint. Thug na taighdeoirí ó Institiúid Bernal faoi deara gur féidir le criostail as lísisím, samhail próitéine atá flúirseach i ngealacáin uibhe éan chomh maith le deora, seile agus bainne mamaigh leictreachas a ghiniúint nuair a bhrúitear iad.

Tréith a bhíonn ag ábhar cosúil le grianchloch atá in ann fuinneamh meicniúil a thiontú go fuinneamh leictreach agus vice versa ná leictreachas a ghiniúint trí bhrú a chur i bhfeidhm, ar a drugtar písileictreachas díreach. Baintear úsáid as a leithéid d'ábhair i réimsí éagsúla ó athshondóirí agus creathadóirí i bhfóin phóca go sonóirí domhainmhara agus íomháu ultrafhuaime. Is eol go bhfuil písileictreachas ag cnámha, teannáin agus adhmaid le fada an lá.

D'fhéadfaí go leor úsáide a bhaint as seo agus d'fhéadfaí taighde breise a bheith mar thoradh air maidir le bailiú fuinnimh agus le leictreonaic sholúbtha d'fheistí bithleighis. I measc na bhfeidhmeanna a d'fhéadfadh a bheith aige amach anseo tá scaoileadh drugaí sa chorp a rialú trí úsáid a bhaint as lísisím mar chaidéal fiseolaíoch idirghabhála a easghlanann fuinneamh óna thimpeallacht. Toisc go bhfuil siad bith-chomhoiriúnach go nádúrtha agus písileictreach, is féidir le lísisím rogha eile a thabhairt chun fuinneamh písileictreach a bhailiú, seachas cinn a bhfuil eilimintí tocsaineacha mar luaidhe iontu.



(C-D) John Sweeney, Aimee Stapleton & Vincent Casey, Roinn na Fisice & Institiúid Bernal

Infheistíocht €1.3m i dTaighde Déantúsaíochta Cógaisíochta

Tá maoiniú €1.3 milliún bronnta ag Fiontraíocht Éireann ar an Ionad Teicneolaíochta Déantúsaíochta Cógaisíochta (PMTC), atá lonnaithe in OL, le haghaidh Tionscadal Comhpháirtíochta Nuálaíochta atá tábhachtach ó thaobh na heacnamaíochta de agus a bhfuil comhpháirtithe tionscail iomadúla páirteach ann. Díreoidh an maoiniú seo den chuid is mó ar thaighde chun próisis ghlantacháin sa tionscal a fheabhsú agus chun iomaíochas líonra a chur chun cinn i réimsí ar nós athrú táirge-go-táirge. Beidh éifeachtúlacht níos fearr agus coigilteas costais mar thoradh ar an iarracht taighde agus cinnteoidh sé go mbeidh éifeachtacht níos fearr sa tionscal bithchógaisíochta rud a chuideoidh le poist a fháil. Tá an PMTC mar chuid de Chlár Lárionad Teicneolaíochta IDA Fiontraíocht Éireann agus oibríonn sé le comhpháirtithe tionscail chun réitigh ardeicneolaíochta a sholáthar don earnáil bhithchógaisíochta in Éirinn. Cabhraíonn an t-ionad faoi láthair le breis is 30 cuideachta ar thionscadail déantúsaíochta cógaisíochta, lena n-áirítear déantúsaíocht leanúnach, glanadh gléasra agus innealtóireacht phróisis. Is é Pfizer an príomh-chomhoibrí tionsclaíoch ar Chlár Comhpháirtíochta Nuálaíochta FÉ.



An Droichead Beo san oíche, Ollscoil Luimnigh

Fix The Fixing: Ceachtanna ó Ionracas Spóirt do Spóirt agus don tSochaí

I mbliana, seoladh an tionscadal taighde 'Fix the Fixing' atá coimisiúnaithe ag an AE. Is fadhb í cúbláil cluichí a chuireann isteach ar spóirt ar fud an domhain agus aithnítear é mar bhagairt mhór do shláine spóirt.

D'imir os cionn 12% de lúthchleasaithe i gcluiche a bhí ceannaithe, de réir torthaí ó shuirbhé Eorpach a d'fhoilsigh na taighdeoirí an Dr Deirdre O'Shea agus an Dr Tadhg MacIntyre. Tuairiscítear sa suirbhé gur iarradh ar bheagnach 15% de na freagróirí cluiche a shocrú le bliain anuas agus dúirt beagnach 40% de na rannpháirtithe gurbh iad oifigigh an chlub ba thúisce a ghríosódh iad leis an dlí a bhriseadh. Mar sin féin, díobh siúd a ndeachthas i dteagmháil leo chun cluiche a shocrú le bliain anuas, dúirt 36% de na rannpháirtithe nach ndéanfaidís aon amhras faoi shocrú a thuairisciú, mar gheall ar easpa muiníne agus rúndachta den chuid is mó.

Tá sé mar aidhm ag Fix the Fixing uirlis oideachasúil atá éasca le húsáid a fhorbairt a bheidh in úsáid ag páirtithe leasmhara chun feacht an lucht spóirt a mhéadú faoi éillí, calaois agus cúbláil cluichí i gcineálacha agus i leibhéil éagsúla spóirt; scileanna chun déileáil le tairiscintí a dhiúltú chun gabháil do chúbláil cluichí a mhúineadh; agus bealaí a léiriú chun eachtraí cúblála cluichí a thuairisciú go cuí do na húdaráis ábhartha. Bhí OL i gceannas ar ghnéithe cainníochtúla agus cáilíochtúla den tionscadal i sé thír Eorpacha.

San áireamh sa tionscadal bhí saineolaithe i síceolaíocht spóirt, dlí spóirt, síceolaíocht eagraíochta, cóitseáil spóirt, anailísíocht sonraí na meán sóisialta, agus taighdeoirí frith-éillithe ó na hinstiúidí comhpháirtíochta seo a leanas: OL; Ollscoil na Banríona, Béal Feirste; Eagraíocht Spóirt na Cipire; IRIS (Institiúid na Fraince do Ghnóthaí Idirnáisiúnta agus Straitéiseacha); ICCE (An Chomhairle Idirnáisiúnta um Fheabhas Oilíúna); an Cumann do Chosaint Ionracais i Spóirt, an Ostair; KEA (Cosaint Trédhearcachta agus Ionracais Spóirt d'Aclaíocht na Gréige, an Ghréig); ICSS (an tIonad Idirnáisiúnta um Shlándaíl Spóirt); agus ba í Ollscoil Aristotle, Thessaloniki, an Ghréig, a bhí i gceannas an tionscadail.



(C-D) Gary Ryan, BEO OL, an Dr Deirdre O'Shea, KBS, Orla Power, EHS, Philip O'Regan, Déan KBS, Sean Kelly, FPE, an Dr Una May, Stiúrthóir Rannpháirtíochta & Eitice (Spóirt Éireann) & an Dr Tadhg MacIntyre, PESS

TAIGHDE EILE

2016 / 2017

Comhoibreoidh Teicneolaíochtaí na gCreatlach Orgánach Miotail (MOF) le taighdeoirí Institiúid Bernal chun dhá Chreatlach Orgánach Miotail nua a fhorbairt le Cumais Ghabhála agus Stórála Gáis den scoth. Tá MOF Technologies, cuideachta atá bunaithe i mBéal Feirste agus atá ina ceannaire i dtáirgeadh MOF, sásta go bhforbrófaí le haghaidh tráchtáil dhá MOF as OL, TIFSIX agus SIFSIX, atá deartha chun bheith an-roghnach do ghabháil agus stóráil carbóin. Ba é an tOllamh Mike Zaworotko, Ollúnacht Bernal le hInnealtóireacht Chríostail agus ball de Bhord Comhairleach Eolaíoch MOF, a bhí i gceannas ar an bhfoireann taighde.

D'fhógair an Taoiseach Enda Kenny TD go raibh comhaontú nua sínithe ag Lero, an tIonad Taighde SFI do Bhogearraí atá lonnaithe in OL agus Ionad Fraunhofer d'Innealtóireacht Bogearraí Thrialach in Ollscoil Maryland. Beidh an dá ionad barr feabhais ag comhoibriú ar chuid mhór taighde sna blianta amach romhainn. Díreoidh an comhoibriú ar chórais chriticiúla atá ag athrú agus ar chlaohchlú digiteach. Is é Lero ionad taighde bogearraí náisiúnta na hÉireann. Maoiníonn SFI agus corparáidí teicneolaíochta Éireannacha agus idirnáisiúnta é.

D'fhorbair Cala Medical, mac-chuideachta de chuid OL, cur chuige feistí leighis le gairid chun seipsis a chóireáil agus tá sé de chúram air an fheiste a thabhairt chuig trialacha cliniciúla. Meastar go bhfuil os cionn 25 milliún cás seipise ar fud an domhain agus níl aon chóireáil shonrach ann faoi láthair. Bhunaigh an Dr Jakki Cooney, an Dr Todd Kagawa agus an Dr Brian Noonan Cala Medical. Tá IP ceadúnaithe ag an gcuideachta i bhfoirm paitinní deonaithe ag an ollscoil. Tugadh maoiniú réamhbhunaithe i bhfoirm infheistíocht bhunaitheora agus Ciste Tráchtálaite FÉ don Dr Cooney. Dhún an chuideachta babhta maoinithe tosaigh níos luaithe i mbliana ó aingil ghnó agus ó chiste nua-thionscanta ardachmhainne FÉ.


Tá príomhról ag taighdeoirí KBS i dtionscadal nua tábhachtach a dhéanann imscrúdú ar imghabháil cánach san AE. Tá tionscadal H2020 COFFERS (Calaois Fhioscach a Throid agus Rialtóirí a Chumhachtú) ar cheann de na tionscail taighde is mó ar domhan a scrúdaíonn cáin agus éagothroime agus tá sé mar aidhm aige eolas a fháil ar an méid ioncaim chánach atá á chailliúint trí sheachaint agus imghabháil. Tá taighdeoirí as Éirinn, an Ríocht Aontaithe, an Ísiltír, an Ghearmáin, an Danmhairg, an Tuirc agus Poblacht na Seice páirteach sa tionscadal €5 mhilliún seo. Tá an fhoireann i Scoil Ghnó Kemmy ag díriú ar ról na líonraí gairmiúla saineolacha, na gcomhairleoirí cánach, na mbainisteoirí saibhris agus na cúinsí ar féidir leo cur chuige eiticíúil nó ionsaitheach a ghlacadh i leith a gcuid oibre cánachais. Tá os cionn €500,000 i ndámhachtain OL a mhaoineoidh tionscadal trí bliana a thabharfaidh aghaidh ar ról na ngréasán saineolaithe gairmiúla. Ar fhoireann OL tá an Dr Sheila Killian, an Dr Philip O'Regan, Anne Tynan agus Kieran Gallery.

Fuair aireagóirí ó Scoil an Dearaidh agus ó GEMS maoiniú le déanaí le haghaidh gléas cnaguirlisí nua. Is feiste leighis é SoloPEP a chabhraíonn le mucas a bhaint as na haerbhealaí agus le feabhas a chur ar chaighdeán na beatha d'othair a bhfuil fiobrós chisteach (CF) orthu. Tá sé mar aidhm aige freisin ionfhabhtuithe a laghdú agus, dá bhrí sin, gan an oiread cuairteanna dochtúra, antaibheathach ná tréimhsí san ospidéal a bheith ag teastáil. Meastar go mbeidh sé réidh don mhargadh laistigh de dhá bhliain. Fuair an fhoireann atá lonnaithe i Luimneach, maoiniú FÉ €500,000 le déanaí chun an tairge a fhorbairt. Ar an bhfoireann tá micribhitheolaithe, dearthóirí tairgí agus dochtúirí leighis a dhéanann speisialtóireacht i gcóireáil tinneas péidiatraiceach agus tinneas riospráide aosach araon. Is comh-Phríomhthaighdeoirí iad an tOllamh Colum Dunne, GEMS agus an Dr Leonard O'Sullivan, Scoil an Dearaidh, agus an bhfoireann tá an tOllamh Deirdre McGrath, GEMS agus Sainchomhairleoir Riospráide in Ospidéal Barrington, agus an Dr Barry Linnane, Léachtóir Cliniciúil Sinsearach agus Sainchomhairleoir Péidiatraiceach ag UHL.

Fuair an Dr Leonard O'Sullivan, Scoil an Dearaidh, agus an tOllamh Austin Stack, GEMS, os cionn €500,000 faoin gCiste Tráchtálaite chun teicneolaíocht nua a fhorbairt chun ionfhabhtuithe a bhaineann le cataitéir a chosc. Sa tionscadal dhá bhliain tá taighdeoirí as Institiúid Taighde Sláinte OL, i gcomhar le lucht leasa cliniciúla in UHL, i bhforbairt gléas chun aghaidh a thabhairt ar chúis shuntasach leis an ráta báis agus ag an am céanna feabhas a chur ar cháilíocht na beatha d'othair a bhfuil cataitéir fhéitheacha lárnacha fhadtéarmacha acu.

D'fhógair an Dr Martin Mullins agus an Dr Finbarr Murphy (KBS) agus an AA comhpháirtíocht mhór taighde chun staidéar a dhéanamh ar fhorbairtí i dteicneolaíocht carranna nasctha agus a n-impleachtaí d'úsáideoirí bóithre na hÉireann. Déanfar an tástáil in Éirinn do theicneolaíochtaí nua feithiclí agus na héifeachtaí is dóichí a bheidh ann. I dtrial na hÉireann feisteofar gléas cliste i 300 gluasteán comhaltaí AA a nascaidh leis an gcóras bainistíochta innill agus a roinnfidh sonraí leis an AA i bhfor-am. Déanfar anailís leanúnach ar na sonraí agus beifear in ann iad a úsáid chun a mheas an bhfuil prímh árachais cothrom. Úsáidfead na sonraí seo freisin mar chuid de chlár taighde níos leithne atá maoinithe ag an gCoimisiún Eorpach sna tionscail taighde VI-DAS agus Cloud-LSVA.

Oibríonn an clár Family Links le teaghlaigh príosúnach i Luimneach chun caidreamh a fheabhsú idir príosúnaigh, a bpáirtithe agus a leanaí agus chun timpeallacht níos tacaíle don teaghlach a fhorbairt laistigh den phríosún féin. Reáchtáladh an clár, a ndearna foireann OL measúnú air, thar 18 mí agus bhí 15 theaghlach páirteach ann agus 28 leanbh. Luaigh údair na tuarascála an tOllamh Orla Muldoon agus Darragh Bradshaw, mac léinn síceolaíochta PhD, taighde idirnáisiúnta a thaispeánann gur féidir le cothabháil teagmhála na n-aithreacha i bpríosúin lena bpáirtithe agus lena leanaí athchiontú a laghdú agus leanaí leochaileacha a chosaint ó bheith páirteach i gcoiriúlacht iad féin. Léirigh taighdeoirí sa Bhreatain go raibh seans sé huairte níos lú go n-athchiontódh aithreacha i bpríosún a choinnigh caidreamh dearfach lena leanaí.



An Príomháras, Ollscoil Luimnigh

GRADAIM THAIGHDE

Tá an Dr Maurice Collins ó Shaotharlanna Stokes, Institiúid Bernal, i gceannas ar thionscadal taighde a bhfuil sé mar aidhm aige snáithín carbóin a tháirgeadh ó fhotháirgí foraoiseachta. Tá sé mar aidhm ag tionscadal LIBRE ábhair snáithín carbóin a chruthú ar bhealach atá éifeachtach ó thaobh costais de agus atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol, trí iad a tháirgeadh ó lignin, táirge adhmaid díorthaithe go nádúrtha. Tá LIBRE á réachtáil i gcomhar le comhpháirtithe Eorpacha ón nGearmáin, ón tSualainn, ón mBeilg, ón Ríocht Aontaithe agus ón Iodáil. Bronnadh maoiniú €4.9 milliún ar an tionscadal ón nGnóthas Comhpháirteach do Thionscail Bhith-Bhunaithe faoi H2020 an AE.

Bronnadh €1.63 milliún ar an Dr Sarah Hudson agus ar an Dr Jakki Cooney as togra dar teideal ‘Biologicals Process Infrastructure Testbed (BioPOINT)’. Tacaíonn an togra le taighde bunúsach agus feidhmeach i réimse tosaíochta na Teiripice: Sintéis, Foirmlíú, Próiseáil agus Seachadadh Drugaí, le tagairt ar leith do Thionscail Phróiseála Bithchógaisíochta. Soláthraíonn BioPOINT infreastruchtúr taighde uathúil chun go mbeidh comhoibrithe acadúla/tionscail in ann réitigh nuálacha próisis agus táirge a fhiosrú agus a chur i bhfeidhm chun bitheolaíochtaí a tháirgeadh. Trí ghníomhaíochtaí taighde comhoibríocha le BioPOINT agus an grúpa gaolmhar úsáideoirí, cuirfidh an áis le scileanna ardleibhéil do thaighdeoirí agus do chéimithe i dtáirgeadh bitheolaíoch, in innealtóireacht bhithphróisis agus i dtréithríú próitéine, ag cuidiú le hÉirinn leanúint ar aghaidh mar rogha ionaid do dhéantúsaíocht bithphróisis T&F, ag soláthar pearsanra taighde agus innealtóireachta agus réitigh ar tháirgeadh bitheolaíochta don earnáil.

Bronnadh €1.72 milliún ar an Ollamh Ursel Bangert as a togra; ‘Observations of Materials Structural Dynamics in Real Time and Environments at Atomic Resolution (ORACLE)’. Tacaíonn an togra le taighde bunúsach agus feidhmeach i réimse tosaíochta na Teicneolaíochta Próiseála agus na nÁbhar Núíosach. Cuideoidh an bonneagar micreascópachta leictreon ceannródaíoch (ORACLE) le taighde bunúsach agus feidhmeach dírithe i bpríomhréimsí straitéiseacha a chur chun cinn chun go dtarlódh forbairt agus iomaíochas breise in Éirinn amach anseo. Saoráid ar leith a bheas anseo, a chuirfidh cumas braite agus breathnóireachta níos fearr ar fáil, a chiallóidh go mbeifear in ann imscrúdú nua a dhéanamh ar iompar ábhar i bhfíor-am agus i dtimpeallachtaí oibre.

I mí an Mhárta, fuair an tOllamh Kevin Ryan agus an Dr Tadhg Kennedy, Roinn na nEolaíochtaí Ceimiceacha, maoiniú €1.1 milliún do thionscadal taighde dar teideal ‘Nanostructured Electrodes and Ionic Liquid Electrolytes for Ultra High Energy Density Lithium Sulfur Batteries.’ Fuarthas an maoiniú faoi M-ERA.NET, líonra atá maoinithe ag an AE a bunaíodh chun tacú le cláir thaighde agus nuálaíochta na hEorpa agus iad a chomhordú mar aon le maoiniú gaolmhar in eolaíocht agus innealtóireacht ábhar. I measc na gcomhpháirtithe tionscadail tá Institiúid Teicneolaíochta Karlsruhe, IoLiTec agus Meyer Burger (An Ísiltír) BV. Féachann an tionscadal le teorainneacha na gCadhnraí Sulfair Litiam (LSB) a shárú trí anóidí sábháilte ardchumais a fhorbairt bunaithe ar eagair heitrea-struchtúraithe síleacain agus gearmáiniam nanaishreang, chomh maith le leictreoidí leachtacha ianacha sábháilte neamh-inadhainte. Is é cuspóir deiridh an taighde LSB iomlán a tháirgeadh bunaithe ar na comhpháirteanna seo a bhfuil fuinneamh sonrach 600 Wh/kg acu ar feadh 100 timthriall ar a laghad.

Tá an dara tionscadal, M3DLoC (Déantúsaíocht Bhreisithe ar MEMS Micreafhídeacha 3D le haghaidh Feidhmeanna Saotharlainne-ar-Shlis) faoi stiúir Ollscoil Theicniúil Náisiúnta na hAithne. Tá OL i measc 18 gcomhpháirtí. Is é buiséad iomlán an tionscadail €8 milliún, agus rialaíonn OL €710,000 de. Tá an tOllamh Tofail Syed i gceannas ar an tionscadal seo mar aon leis an Dr Christophe Silien agus an tOllamh Edmond Magner. Mairfidh an dá thionscadal ar feadh ceithre bliana.

Fuair Institiúid Bernal maoiniú breis is €1 mhilliún do dhá thionscadal H2020 laistigh den Chlár Nanaitheicneolaíochtaí, Ardábhair, Biteicneolaíochta agus Táirgthe. Tá Oyster (Timpeallacht Tréithrithe Oscailte agus Samhaltaithe chun Nuálaíochta a Thiomáint in Ard-Chomhéadain Chrua/Bhog Nanai-Ailtireachta agus Bhith-spreagtha) faoi stiúir Universita degli Studi Roma Tre. Tá OL ar cheann de 15 chomhpháirtí a bhfuil buiséad iomlán de €4 mhilliún acu, agus tá smacht ag OL ar €450,000 de. Tá an Dr Christophe Silien, Roinn na Fisice, i gceannas ar an tionscadal seo in éineacht leis na hOllúna Tofail Syed, Roinn na Fisice; Tewfik Soulimane, Roinn na nEolaíochtaí Ceimiceacha; Edmond Magner, Déan na hEolaíochta & na hInnealtóireachta; Noel O’Dowd, Scoil na hInnealtóireachta agus an Dr Ning Liu, Roinn na Fisice.

Bhain an Dr Richard Kirwan, Roinn na Staire, gradam Gerda Henkel Stiftung amach dá thionscadal taighde; ‘Exules et Proselyti: Academic Conversion, Exile and Refuge in the Confessional Age’.

Bhain an tOllamh Paul Weaver, Institiúid Bernal, Gradam Fiúntais Taighde Wolfson an Chumainn Ríoga amach as a thionscadal dar teideal ‘Towards Artificial Metamorphosis of Composite Structures’.

Bhuaigh OL, 3D4Medical agus IBM Research Gradaim Nuálaíochta Taighde Mheiriceá-Éireann 2017, a chomhbhronn Cumann Tráchtála Mheiriceá in Éirinn agus Acadamh Ríoga na hÉireann. Bronnadh an gradam ar fhoireann OL, faoi stiúir an Dr Eamonn de Barra agus i gcomhar le Stryker Orthopaedics, as cineál nua stroighne cnámhe bhithghníomhach a fhorbairt do néaramháinliacht, atá níos fearr ná na táirgí reatha atá ar an margadh i dtéarmaí a éasca atá sé a úsáid, a sciobtha is atá sé a chur i bhfeidhm agus an t-ualach oibre laghdaithe ar fhoireann na hobrádlainne, toradh atá dearfach do chách.

Rinne an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) coimisiúnú ar thuarascáil a scrúdaíonn cúrsa eolaíochta ríomhaireachta a fhorbairt ag leibhéal na hArdteistiméireachta agus a chuir taighdeoirí ó Lero, an tIonad Náisiúnta um Oideachas STEM i Scoil Oideachais OL agus an Fóram Ríomhaireachta Tríú Leibhéal le chéile. Scrúdaigh an tuarascáil taithí na ndaoine a chuir cúrsaí eolaíochta ríomhaireachta ar bun i Sasana, in Albain, sa Nua-Shéalainn, in Ontario agus in Iosrael, chun comhairle a fháil maidir leis na modhanna is fearr chun cúrsa a chur i bhfeidhm do dhaltáí dara leibhéal sna hardranganna in Éirinn.

Tá maoiniú faighte ag Keelin Leahy do IRC RSPS, le haghaidh Forbairt Smaointeoireachta do Chuir Chuige agus Scileanna Oideachais (IDEAS), ar luach €100,000, ar feadh dhá bhliain. Tá sé mar aidhm ag an staidéar scileanna nuálaíochta a fheabhsú trí mhodheolaíocht idé-eolaíochta do dhaltáí óga agus d’oideachasóirí i suíomh oideachais.

Bronnadh €145,000 ar Líonra Ubuntu chun leanúint lena chuid oibre ag tacú le hOideachas Forbartha/Oideachas d’Fhorbairt Inbhuanaithe (DE/ESD) a chomhtháthú i geláir Oilíúna Tosaigh Múinteoirí Iar-bhunoideachais. Bhronn Cúnamh Éireann, an Roinn Gnóthaí Eachtracha, an maoiniú. Is tionscadal comhoibritheach é seo, faoi stiúir fhoireann OL san oideachas agus tá deich nInstitiúid Ardoideachais in Éirinn páirteach ann. Is iad príomhréimsí na hoibre: cuir chuige teagaisc nuálacha chun tacú leis an bhfoghlaiméirí dul i ngleic le fadhbanna forbartha (cosúil le hathrú aeráide, imirce, éagthroime); forbairt acmhainne d’oideachasóirí múinteoirí; taighde ar DE/ESD in ITE; athrú curaclaim agus polasaí do DE/ESD. I measc na gcomhaltáí foirne tá Deirdre Hogan, Joanne O’Flaherty agus Ollie McGarr.

Bronnadh maoiniú le déanaí ar an Dr Jennifer Hennessy, Scoil an Oideachais, agus ar Nicola Marlow, Ollscoil Uladh, ag an mBuan-Chomhdháil ar Oideachas Múinteoirí Thuaidh agus Theas (SCoTENS) le haghaidh tionscadail dar teideal: TCTOP: Exploring Teacher Confidence in the Teaching of Poetry at Leaving Certificate and A Level.

Fuair an Dr Maura Adshead, an Roinn Polaitíochta agus Riaracháin Phoiblí maoiniú breis is €24,000 ó Fhondúireachtaí Nua IRC. Tacaíonn an tionscadal 'Youth Engage' le comhoibriú idirnáisiúnta agus malartú eolais chun tuiscint pholaitiúil agus rannpháirtíocht shibhialta na ndaoine óga a fheabhsú trí cheithre chomhpháirtíocht phobail atá ann cheana a nascadh le hoibrithe óige, daoine óga agus lucht acadúil, gach ceann acu le naisc chomhoibritheacha le LYS agus/nó OL.

Bhuaigh Scoil an Dlí tairiscint iomaíoch le déanaí chun cabhrú le Coimisiún Athchóirithe Dlí na hÉireann taighdeoirí dlí a cheapadh. Ba iad na Príomhthaighdeoirí don tairiscint ná na léachtóirí an Dr Susan Leahy agus an Dr Kathryn O'Sullivan. Is comhlacht neamhspleách é an Coimisiún a bunaíodh faoin Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975 chun an dlí a choinneáil faoi athbheithniú neamhspleách, oibiachtúil agus saineolach, chun moltaí a dhéanamh maidir le hathchóiriú dlí agus chun an dlí reatha a dhéanamh inrochtana do chách.

Bronnadh maoiniú breis is €99,000 ar an Ollamh Shane Kilcommins agus ar an Dr Sean Redmond, Scoil an Dlí, faoi Scéim Taighde IRC do Pholasáí & Sochaí 2016. Tabharfaidh an tionscadal dar teideal 'Improving the Measurement of Effectiveness in the Irish Youth Justice System' faoi athbheithniú idirnáisiúnta ar straitéisí, polasaithe agus cleachtais sonraí na gcóras ceartais óige; gnéithe comónta bailithe sonraí a aithint atá in ann éifeachtacht agus éifeachtúlacht clár a léiriú; anailís eimpíreach a dhéanamh ar chleachtais sonraí ceartais óige na hÉireann i gcomparáid le córais eiseamláire agus moltaí praiticiúla a dhéanamh chun feabhais.

Roghnaíodh an 'Grúpa Taighde ar Fhuath agus Naimhdeas' faoi stiúir an Dr Amanda Haynes, Roinn na Socheolaíochta, agus an Dr Jennifer Scheppe ó Scoil an Dlí, le haghaidh maoiniú os cionn €220,000 a fháil faoi Chlár Oibre Chearta, Comhionannas agus Saoránacht an AE. Mar aon lena gcomhpháirtí taighde, TENI (Líonra Comhionannais Tras-inscne na hÉireann), tá an HHRG mar chuid de chuibhreannas de bhreis is 50 eagraíocht atá ceangailte leis an tionscadal, a bhfuil luach os cionn €1.2 milliún air. Déanfaidh an tionscadal an fheasacht ar choireacht fuatha frith-LADT a thomhas i bpobail ar fud na hEorpa agus oibreoidh sé ar mheicníochtaí agus próisis tuairiscithe a fheabhsú d'íospartaigh na coireachta fuatha frith-LADT.



Áras Shruth an Mhuilinn san oíche, Ollscoil Luimnigh

FIONTRAÍOCHT

Máistir-Rang i dTréithriú Ábhar Criostalach agus Bog


D'fhógair Institiúid Bernal agus an SSPC an chéad Mháistir-rang i dTréithriú Ábhar Criostalach agus Bog. Tá an cúrsa ceithre lá dírithe ar thaighdeoirí tionsclaíocha agus acadúla ar mian leo taithí a fháil ar ardteicnící i dtréithriú ábhar. Beidh seimineáir idirghníomhacha i gceist ann chomh maith le ceardlanna praiticiúla, a thabharfaidh deis uathúil do rannpháirtithe a gcuid scileanna agus eolais a fhorbairt chun tréithriú a dhéanamh ar shamplaí i ndálaí comhthimpeallacha agus athraitheacha, turgnaimh a réitítear in am agus frithghníomhartha in-situ.



Institiúid Bernal, lonnaithe in Áras Analog

Ócáid Deisiúcháin iPhone ag Fab Lab Luimnigh

Thairg Fab Lab Luimnigh, atá mar chomhpháirtí i dtionscadal Restarter-Luimneach, ócáid deisiúcháin iPhone ag Fab Lab Luimnigh i mí Iúil chun deis a thabhairt do dhaoine a gcuid iPhone briste nó damáistithe a dheisiú saor in aisce. Maoínítear an tionscadal Restarter-Luimneach trí chlár Fionnachtana SFI agus tá sé mar aidhm aige deisiú leictreonaice a úsáid mar mheán teagmhála leis an bpobal i gcoitinne ar thopaic a bhaineann le hamhábhair chriticiúla. Tá Fab Lab Luimnigh ina chomhpháirtí sa tionscadal Restarter-Luimneach.



Ról an Oideachais i dTacú le Gnólachtaí Beaga


D'eagraigh KBS agus Dámh na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta ócáid i gcomhair FBManna ar Ról an Oideachais i dTacaíocht do Ghnólachtaí Beaga. Labhair an tAire Stáit Fostaíochta agus Gnólachtaí Beaga, Pat Breen, ag an ócáid. Ba é aidhm na hócáide comhoibriú níos fearr a spreagadh idir institiúidí tríú leibhéal agus FBManna maidir le taighde, oideachas agus comhairle ghnó. I measc na ndaoine a bhí i láthair bhí dream as fiontair bheaga agus mheánmhéide, baill de chomhlachtaí ionadaíoch, Oifigí Fiontair áitiúla, Comhlachais Tráchtála, Comhlachas Ghnóthas Beag agus Meánmhéide na hÉireann (ISME), FÉ agus an IDA.

Clár na gCeannairí Réigiúnacha

Seoladh Clár Ceannairí Réigiúnacha nua le déanaí, arna sheachadadh ag Comhlachas Luimnigh i gcomhar le Dell EMC agus KBS. Tá sé mar aidhm ag an tionscnamh ceannairí a fhorbairt don todhchaí i réigiún an Iarthair Láir agus taobh amuigh de trí mheantóireacht agus roinnt scileanna. Mar thoradh ar an rath a bhí ar Chlár Meantóireachta Ceannaireachta Chomhlachas Luimnigh le déanaí, tacóidh an clár seo le forbairt scileanna i measc 150 ceannaire gnó reatha agus sa todhchaí. Reáchtálfar an Clár Ceannairí Réigiúnacha gach dara mí in Dell EMC ar Champas Luimnigh.

Comórtas Enactus Ireland

Rinne an Dr Briga Hynes, Ceannasaí Bainistíochta agus Margaíochta, meantóireacht ar ghrúpa mac léinn OL i gComórtas Enactus Ireland - taispeántas náisiúnta d'fhiontraíocht shóisialta agus de thionscadail nuálacha. Spreagann Enactus, eagraíocht idirnáisiúnta neamhbhrabúis, mic léinn le gníomhaíocht fiontraíochta a dhéanamh do thionscadail forbartha pobail chun slite beatha daoine aonair agus grúpaí pobail faoi mhíbhuntáiste sóisialta, eacnamaíoch nó oideachasúil a fheabhsú. Chuaigh foireann OL i gcomhpháirtíocht le Gateway to Education Luimnigh (LGTE) a sholáthraíonn tacaíochtaí oideachais do dháltaí bunscóile agus meánscoile i dreaghlaigh atá i mbaol, chun deiseanna scálaithe a aithint chun a gcuid seirbhísí a leathnú. Dhear na mic léinn Campaí Cásca agus reáchtáil siad iad leis an téama 'Foghlaim Chruthaitheach, Chuimsitheach agus Spráitúil'. Mheall na mic léinn sruth breise oibríthe deonacha do LGTE freisin trí dháltaí na hIdirbhliana a bheith páirteach i seachadadh na seirbhísí nua.



Scoil Ghnó Kemmy san oíche, Ollscoil Luimnigh

RANNPHÁIRTÍOCHT SA PHOBAL



(C-D) Stephanie Moloney, Mary O'Toole, Michelle O'Donoghue, an tOllamh Alison Perry, Déan EHS, an tOllamh Don Barry, Uachtarán OL, Elaine Storan, Laura Howard & Jacinta Shanahan

Mol Faisnéise Sláinte

D'fhorbair Dámh Oideachais agus Eolaíochtaí Sláinte OL Mol Faisnéise Sláinte nua i gcathair Luimnigh. Cuirfidh an Mol Sláinte nua ar chumas grúpaí pobalbhunaithe teacht ar chláir shláinte agus ar eolas maidir le maireachtáil fholláin. Leagadh amach an t-ionad nua chun deis a thabhairt do mhic léinn OL cláir a chur ar fáil chun sláinte agus folláine mhuintir Luimnigh a fheabhsú. Tá an Mol Sláinte suite san áit chéanna le Fab Lab Luimnigh agus tagann sé le samhlacha reatha oideachais mac léinn agus tionscnaimh phobalbhunaithe OL. Trí chláir shláinte ardchaighdeán a sholáthar do ghrúpaí pobail ar an suíomh seo, foghlaimíodh mic léinn OL faoi ghairmiúlacht agus nuálaíocht agus forbróidh siad na scileanna seo agus seirbhís á seachadadh acu do mhuintir Luimnigh. Reáchtálfadh an Mol imeachtaí i rith na bliana. Beidh roinnt dírithe ar ghrúpaí ar leith agus roinnt eile ar an bpobal i gcoitinne. Faoi láthair, tá raon leathan ceisteanna idir lámha idir pian droma, meabhairshláinte, cúram gutha, stíleanna maireachtála gníomhacha agus folláine agus inrochtaineacht.

Comhpháirtíocht le haghaidh Clinicí Cothromais Sláinte GP

Bhí an Chomhpháirtíocht le haghaidh clinicí Cothromais Sláinte GP do ghrúpaí imeallaithe i gCathair Luimnigh trí bliana i bhfeidhm i mí Aibreáin. Ó 2014 i leith, cuireadh cúram sláinte bunúsach ar fáil do níos mó ná 290 clinic agus 500 duine aonair, daoine gan dídean nó ina gcónaí mar imircigh gan doiciméid sa chathair go leor díobh. D'fhreastail mic léinn GEMS ón Tionscadal Cothromais Sláinte a bhí á reáchtáil ag mic léinn ar chlinicí mar bhreathnóirí chun foghlaim faoi fhadhbanna sláinte a bhíonn ag grúpaí leochaileacha. Bhunaigh an Dr Patrick O'Donnell agus an tOllamh Anne MacFarlane na clinicí le tacaíocht ó Chuimsiú Sóisialta FSS, Clár Oiliúna Dochtúirí Teaghlaigh Chathair Bhaile Átha Cliath Thuaidh, Safetynet, Tionscadal Drugaí Ana Liffey agus Naomh Uinseann de Pól. Reáchtáil an Dr O'Donnell ceardlann le déanaí ar Chleachtas Ginearálta agus Cúram Príomhúil do ghrúpaí imeallaithe do ghrúpa B3 ar Scéim Oiliúna Dochtúirí Teaghlaigh an Iarthair Láir. Chlúdaigh an seisiún fadhbanna cúraim sláinte do dhaoine gan dídean, d'imircigh agus do dhídeanaithe, d'úsáideoirí drugaí agus do ghrúpaí leochaileacha eile.



Áras GEMS, an Campas Thuaidh, Ollscoil Luimnigh

Lá Idirnáisiúnta na mBan

Chun Lá Idirnáisiúnta na mBan a cheiliúradh i mí an Mhárta, chomhoibrigh OL le Dell EMC chun ócáid a reáchtáil a rinne iniúchadh ar dhúshláin 'Changing Mindsets' sa saol oibre. D'fhreastail breis is 200 ball de phobal gnó agus oideachais an Iarthair Láir ar an imeacht, le tacaíocht ó Johnson & Johnson, agus bhí an bhéim ar níos mó ban a spreagadh in earnálacha na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta agus na matamaitice, mar chuid de Sheachtain Innealtóirí 2017. Scrúdaigh na príomhchainteanna agus roinnt plé ina ndiaidh réimsí éagsúla ina gcaithfí machnamh a dhéanamh ar athrú meonta agus cothromaíocht inscne níos fearr a bhaint amach. Dhírigh an chéad cheann ar WiSTEM2D, tionscadal faoi stiúir Johnson & Johnson agus OL agus d'fhreastail roinnt mac léinn OL a ghlac páirt sa chlár WiSTEM2D ar an ócáid agus bronnadh duaiseanna ar a gcuid tionscadal. Rinneadh machnamh freisin ar chlaontacht inscne neamh-chomhfhiosach san ionad oibre agus sraith cur i láthair ag Dan Roberston, Stiúrthóir Éagsúlachta agus Cuimsithe, Lónra Fostóirí do Chomhionannas agus Cuimsiú (ENED); Sam Blanckensee, Oifigeach Forbartha Náisiúnta, Lónra Comhionannais Trasinsneach na hÉireann agus Joy Neville, iarchaptaen rugbaí na hÉireann, buaiteoir ilchraobh rugbaí agus an chéad bhean le bheith ina réiteoir ar chluiche rugbaí san Eoraip. Reáchtáil an Ollscoil imeachtaí eile do Lá Idirnáisiúnta na mBan freisin, lena n-áirítear ceann a dhírigh ar mhná sna meáin, a d'eagraigh an Roinn Iriseoireachta. I measc na gcainteoirí bhí comhfhreagraí Iarthair Láir RTÉ, Cathy Halloran; Gillian Devlin, Ceann na Nuachta, Live 95FM Luimnigh; Fiona Stack, Bainisteoir Ginearálta, Radio Kerry; Laura Ryan, Ceannasaí Margaíochta agus Cumarsáide, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh; agus Tara Giddens, iarrthóir PhD, OL.



(C-D) Fiona McCarthy, Leas-Uachtarán Acmhainní Daonna DELL EMC, Jim Breen, Leas-Uachtarán Johnson & Johnson, an Dr Mary Shire, Leas-Uachtarán Taighde OL, Joy Neville, Iar-Chaptaen Rugbaí na hÉireann & Caroline Spillane, Ard-Stiúrthóir Innealtóirí na hÉireann.



Litreacha Kate O'Brien ag Leabharlann Glucksman

Fuair Leabharlann Glucksman bailiúchán le déanaí de 500 litir phearsanta ón údar as Luimneach, Kate O'Brien (1897-1974) go dtí agus ón Dr Lorna Reynolds (1911-2003) a bhí ina hOllamh Emeritus le Nua-Bhéarla in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus cara le Kate O'Brien ar feadh a saoil. Tá litreacha ó Darina di Silone née Laracy (1917-2003) i bpáipéir an Dr Reynolds chomh maith. Bhí Darina ag obair don Herald Tribune agus do na Seirbhísí Nuachta Idirnáisiúnta san Iodáil in 1940. Díbríodh í agus theith sí go dtí an Eilvéis áit ar bhuail sí lena fear céile, an scríbhneoir Iodálach Ignazio Silone. Cuireann sí síos ina cuid litreacha chuig Lorna Reynolds ar shaol na mór-roinne le linn na 1950idí agus na 1960idí. Tá tábhacht mhór chultúrtha ag baint leis na litreacha seo agus cuireann siad go mór le cartlanna suntasacha a saoil agus a cuid oibre atá á gcoinneáil i Leabharlann Glucksman anois, áit a bhfuil an bailiúchán is mó de chomhfhreagras pearsanta ón údar. Chomh maith leis na litreacha pearsanta a fuarthas le déanaí, tá roinnt bailiúchán ag Leabharlann Glucksman, ina bhfuil pictiúir, litreacha, cáipéisí agus obair neamhchríochnaithe Kate O'Brien. I mí an Mhárta, rinne The Book Show comóradh ar bheatha agus ar scríbhneoireacht Kate O'Brien le clár ina raibh agallaimh le Ceann na mBailiúchán agus na gCartlann Speisialta, Ken Bergin agus an Dr Margaret O'Neill.

RANPHÁIRTÍOCHT EILE SA PHOBAL

2016 / 2017

Don tríú bliain as a chéile, réachtáladh ‘The Darkest Midnight’, oíche amhránaíochta, filíochta agus carúil Dhámh Chruinne Éireann i mí na Samhna mar thacaíocht do Rape Crisis Midwest. I measc na n-ealaíontóirí agus na ensembles bhí Cantoral Chant Ensemble, Cór Soiscéalach BAVAD faoi stiúir Kathleen Turner agus Cór Dhámh Chruinne Éireann. Bhí Siobhan Butler, damhsóir ar an Sean-Nós agus mic léinn ón MA i dTaibhiú Damhsa Traidisiúnta na hÉireann páirteach chomh maith. Chabhraigh mic léinn ón gClár MA sna Fleá-Ealaíona leis an ócáid a réachtáil mar chuid dá modúl i bhforbairt agus i léiriú féilte.

Bhailigh mic léinn MBA in KBS breis is €18,000 do cheithre charthanas: The Limerick Learning Hub, Join Our Boys, Limerick Marine Search and Rescue agus Ionad Cúraim Áth an Mhuilinn. Ghlac na mic léinn MBA páirt san 8ú Mór-Rás d’Ospidéal Barrington, Luimneach chun airgead a bhailiú. Is tionscnamh de chuid Rang an MBA é an MBA Class Act 2017. Is é aidhm an ranga tionchar dearfach a imirt trí airgead a bhailiú d’eagraíochtaí carthanachta a bhfuil ceangal acu le daoine sa rang.

D’fháiltigh Dámh na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta roimh Junior Achievement Ireland chuig OL don Cheardlann Eolaíochta agus Cothaithe Bia ‘Let’s Go’ a réachtáladh i gcomhar le Disney Ireland. D’fhreastail thart ar 150 dalta bunscoile ó Scoil Náisiúnta Mhuire, Luimneach, Clochar Mhuire, an tAonach, CBS, an tAonach agus Gaelscoil Aonach Urmhumhan ar an gceardlann. Sheol Trish Long, Bainisteoir Ginearálta Disney Ireland agus an tOllamh Sean Arkins, Ceann, Roinn na nEolaíochtaí Bitheolaíochta ‘Let’s Go’. Ceann de phríomhchuspóirí an lae ná tuiscint na ndaltaí ar mhaireachtáil shláintiúil a mhéadú agus a fhorbairt. D’oibrigh 40 oibrí deonach ó chuideachtaí idir Disney, Northern Trust, Dell, Stryker, AXA agus Gecas, le daltaí ar ghníomhaíochtaí lena n-áirítear Tráth na gCeist Bia, Meabhairmhapaí agus Giniúint Smaointe. Ina theannta sin, cuireadh oiliúint ar dhaltaí ar chur i láthair a ullmhú agus a dhéanamh. Rinne siad cur i láthair ansin ar a raibh foghlamtha acu.

I mí an Mhárta, sheol an SSPC atá maoinithe ag SFI agus lonnaithe in Institiúid Bernal, a dtionscnamh ‘Medicines in My Life’. Is é cuspóir an tionscnamh ná tacú le clár oideachais an SSPC do mhúinteoirí agus do dhaltaí iar-bhunscoile, dar teideal ‘Innovation in Medicines’, modúl atá deartha chun blaiseadh de shaol an leighis a thabhairt do na daltaí. Tógfaidh daltaí atá ag déanamh an mhodúil san Idirbhliain an t-eolas a fhoghlaiméoidh siad ón modúl agus ón suíomh gréasáin agus déanfaidh siad taispeántas in ionad eolaíochta/músaem/dánlann/leabharlann nó spás poiblí. Beidh na taispeántais idirghníomhach agus pléifidh siad gnéithe éagsúla leighis inár saol agus forbairt an leighis trí dhul chun cinn i dtaighde eolaíoch agus sa tionscal.

Reáchtáil an Roinn Eolaíochtaí Bitheacha cuairt ar Acadamh Capall Luimnigh i mí Aibreáin. Bhunaigh Comhlacht Forbartha Mhaigh Rois an grúpa (atá á mhaoiniú ag an Roinn Talmhaíochta, trí chomhaontú leibhéal seirbhíse le Comhairle Cathrach Luimnigh) chun clár a sholáthar do dhaoine óga chun oideachas a chur orthu agus leas a bhaint as a gcuid spéise sna capaill. Thug grúpa ochtar óg as Garraí Eoghain, Maigh Rois, Sparr Thuamhan agus an Baile Thiar, baill d’Acadamh Capall Luimnigh agus Club Pónaí Thuamhan, agus Soraya Morscher, comhalta den dámh, i saotharlann Capall na Roinne cuairt den chéad uair ar OL. Is ball coiste d’Acadamh Capall Luimnigh í Morscher agus tá sí ag obair le hOifigeach Pobail Mhaigh Rois chun níos mó cuairteanna den chineál sin a eagrú amach anseo. Meastar go dtiocfaidh 40 duine óg isteach ar an gclár go luath ó gach cearn de chathair Luimnigh.


Bhailigh os cionn 300 mac léinn de chuid OL €3,000 ag Bál Carthanachta KBS le déanaí, a réachtáladh in Óstán Strand, Luimneach agus a d’eagraigh ionadaithe roinne na mac léinn in KBS. Rinne Deloitte Ireland urraíocht air.

Rinne Caroline McCarthy, mac léinn Fisiteiripe, clár gníomhaíochta fisiciúla a dhearadh agus a chur i bhfeidhm le déanaí do leanaí a bhfuil uathachas orthu i Scoil Redhill. Tharla sé seo ar shocrúchán péidiatraice i gcomhar le Maeve Howlett, oideachasóir cleachtais ó Scoil Naomh Gabriel, an múinteoir ranga ag Redhill agus mac léinn eile ag déanamh staidéir ar oideachas luath-óige in IT Thrá Lí. Spreag an bheirt mhac léinn cumarsáid, rannpháirtíocht, idirghníomhaíocht agus obair foirne i measc na bpáistí trí spórt agus cluichí, chomh maith le gníomhaíocht fhisiciúil, comhordú agus bunscileanna gluaiseachta a fheabhsú i measc an ghrúpa. Ba é seo an chéad uair a chuir mic léinn ó dhá dhisciplín éagsúla an tionscadal seo i gcrích.

Bhailigh Maidin Chaife Bhliantúil KBS, a bhí ar siúl i mí an Mhárta, os cionn €2,000 do Chumann Ailse na hÉireann. Chuidigh gnólaigh áitiúla ar an gcampas agus lasmuigh de leis an ócáid: 1826 Restaurant (Áth Dara), Alfie’s Bar & Kitchen (An Ráithín), Aramark, Aunty Lena’s Bar (Áth Dara), Bean A Tí Bakery, Castletroy Park Hotel, Castle Oaks House Hotel, Collins Bar (Tuar an Daill), Danes Bakery, Delish, Dunraven Arms Hotel (Áth Dara), Leabharlann Glucksman, OL, Hook & Ladder, Ivans, Jack Mondays Coffee House, O’Connor’s Bakery, Pavilion (Masterchef), Planters, Plaza Café, Seán Collins Bar (Áth Dara), Spar (Gleeson’s), The Buttery, The Wild Geese Restaurant (Áth Dara), Treats Coffee Shop (An Port Nua), Tuscany Bistro, Zest.

Le déanaí in GEMS, cháiligh ceathrar mar oibríthe piaraí chun cosc a chur ar ródháileog ar an gClár TOPPLE, atá á réachtáil ag Tionscnamh NOVAS sa bhrú do dhaoine gan dídean, Teach McGarry, i gcathair Luimnigh. Bunaíodh an clár TOPPLE mar fhreagra ar an méadú ar líon na ródháileog agus na mbásanna ó úsáid hearóine i Luimneach. Faigheann an tionscadal tacaíocht ó oiliúnaithe Paraimhíochaine GEMS OL agus ón Dr Patrick O’Donnell, a sholáthraíonn an druga tarrthála Naloxone do chliaint.

Ghlac Dámh Chruinne Éireann Rince agus Ceol páirt in imeacht Live 95FM, an ‘95 Stop Tour’, chun airgead a bhailiú d’Áirc na bPáistí in Ospidéal na hOllscoile, an t-aonad nua-naíoch in Ospidéal Máithreachais na hOllscoile agus CARI Luimneach. Chuir an Dámh léirithe de Cheol Traidisiúnta na hÉireann, Damhsa Gaelach, Ceol Domhanda agus Ceol Pobail i láthair. Bhailigh an 95 Stop Tour os cionn €110,000 d’Áirc na bPáistí.



RANNPHÁIRTÍOCHT DHOMHANDA

Múinteoir Erasmus agus Inaistritheacht Foirne

Tháinig méadú chomh maith ar líon na gcomhaltaí foirne ó OL a ghlac páirt in Inaistritheacht Foirne agus Teagascóirí Erasmus sa bhliain 2016/17 nuair a chuaigh 55 teagascóir agus cúigear comhaltaí foirne teicniúla agus riaracháin ar chuartheanna soghluaisteachta foirne le hais 45 agus seisear faoi seach in 2015/16.

Tionscadail Idirnáisiúnta in Inaistritheacht Creidiúintí Erasmus+

Tá CEITHRE thionscadal reatha E+ ICM ag OL faoi láthair agus maireann gach ceann acu 26 mí. Eisíodh réamhthorthaí iarratais 2017 agus dearbhófar iad nuair a sheolfar amach conarthaí agus nuair a shíneofar iad.

2015 B1	2015 B2	2016 B1	2016 B2	2017 (Réamhthorthaí)
€150,252	€111,898	€241,654	€218,892	€433,392

Tá deontas iomlán €1,156,088 bronnta ar OL thar na 5 spriocdháta.

Tá an maoiniú is airde faighte ag OL do E+ ICM:

In 2015, fuair OL 25% den bhuiséad foriomlán a leithdháileadh

In 2016, fuair OL 33% den bhuiséad foriomlán a leithdháileadh

Cuairteanna Ambasadóirí:


- Thug a Soilse Laura Bernal, Ambasadóir Phoblacht na hAirgintíne go hÉirinn, cuairt ar OL i mí na Samhna. Bhí an Comhairleoir Diego Sadofski in éineacht léi. Bhuail an tAmbasadóir leis an Uachtarán agus le foireann Scoil Ghnó Kemmy. Tugadh turas di den Urlár Trádála agus de champas na hOllscoile.
- Thug a Shoilse Ahmad Abdelrazek, Ambasadóir na Palaistíne go hÉirinn, cuairt ar an Ollscoil i mí Dheireadh Fómhair. Chas sé leis an Uachtarán agus tugadh turas ar an gcampas dó.
- Thug Ambasadóirí na Sualainne agus na hIorua cuairt ar SAUL i mí na Bealtaine, ar chuireadh ó Léachtóir Sinsearach SAUL, Elizabeth Hatz agus ón Ollamh Merritt Bucholz. Is mian le SAUL an dlúthchaidreamh atá cheana féin le cultúr dearaidh na gCríoch Lochlann a neartú.
- I mí an Mheithimh, réchtáil an Dr Sarah Brady turas ar Institiúid Bernal do thoscaireacht idirnáisiúnta ó Ollscoil Masai Mara, an Chéinia in éineacht le hAmbasadóir na Céinia, a Shoilse Richard Opembe.

- I mí na Bealtaine, fuair grúpa de 35 dídeanaí teastais as cúrsa in Inniúlacht Bhéarla a chur i gcrích le mic léinn Mháistreacht in TESOL, MLAL. Dhear an fhoireann agus na mic léinn an cúrsa, faoi stiúir an Dr Mairéad Moriarty, ADI. Tá ról lárnach ag an ngníomhaíocht seo maidir le Luimneach a bhunú mar Ollscoil Tearmainn.
- D'fhreastail foireann ó GEMS lena n-áirítear Léachtóir Sinsearach sa tSláinte Phoiblí, an Dr Khalifa Elmusharaf, Comhordaitheoir Socrúchán Pobail & Riarthóir Sinsearach, Michelle Murnane, mac léinn leighis B2, Meghan Feeney agus Déan Cúnta Idirnáisiúnta EHS, an Dr Anca Murescu ar chomhdháil UFH 'Network Towards Unity for Health (The Network: UFH)' ar Chuntasacht Shóisialta sa Túinéis, i mí Aibreáin.
- D'óstáil Scoil an Dlí toscaireacht de Chomhaltaí Onóracha Chomhairle Bharra na hIndia; an tUasal Rameshchandra Girdharlalshah, an tUasal Nilesh Kumar, an tUasal Amit Rana agus an tUasal Ramchander Rao Naraparaju. Bhuail an toscaireacht le hionadaithe ó Scoil an Dlí agus le baill de phobal OL i gcoitinne agus ón bpobal dlí áitiúil agus náisiúnta. Bhuail an toscaireacht le céimithe dlí Indiach agus mic léinn reatha OL freisin. Is comhlacht reachtúil é Comhairle Bharra na hIndia a chruthaíonn an pharlaimint chun an Barra Indiach a rialáil agus ionadaíocht a dhéanamh air.
- I mí Dheireadh Fómhair, d'óstáil KBS toscairí ó 20 tír le haghaidh iniúchadh seachtaine ar an gComhar agus ar an gcaoi a bhfuil oideachas gnó agus tuairisciú sóisialta ag freastal ar an sprioc sin. Bhí ceithre phríomhchruinniú ar siúl i rith na seachtaine: na NA mar Sheaimpíní ar Oideachas Bainistíochta Freagraí, an Tionscnamh Ceannaireachta Freagraí Domhanda, Fóram Páirtithe Leasmhara CSR na hÉireann, agus an chéad chomhdháil dhébhlíantúil CSEAR Ireland, OL.

04 LÉARGAS GINEARÁLTA AR AN OLLSCOIL

Tá OL an-bhródúil as a ról mar chuid lárnach de réigiún an Iarthair Láir. Tá ról suntasach eacnamaíoch ag an Ollscoil sa réigiún, mar fhostóir agus mar chliant agus mar chustaiméir ó thaobh earraí agus seirbhísí.

FÍRICÍ AGUS FIGIÚIRÍ



AN TÚDARÁS CEANNAIS

Liosta de Chomhaltaí an Údaráis Ceannais, 1 Deireadh Fómhair 2016 - 30 Meán Fómhair 2017:

Uachtarán: An tOllamh Don Barry ¹ An Dr Desmond Fitzgerald	Michelle Breen	Fintan Breen
Seansailéir: An Breitheamh Onórach John L Murray	Neasa Fahy O'Donnell	John O'Connell
LUA&C: An tOllamh Paul McCutcheon ² An Dr Pat Phelan	Pat Rockett	An Clr Jerry O'Dea ⁶ An Clr Stephen Keary
John Field	Sarah Dunphy ⁴ Jack Shelly	An Clr Michael Hourigan ⁷ An Clr Sean Lynch
An tOllamh Sean Arkins	Caolan O'Donnell ⁵ Roberta Harrington	Kay Doyle
An tOllamh Merritt Bucholz	Aimee McKenzie	Michael Houlihan
An Dr Dermot Shinnery-Kennedy	Tadhg B Kearney	Richard Leonard
An tOllamh Colum Dunne	Bobby O'Connor	An tOllamh Michael Hayes ⁸ An tOllamh Eugene Wall
An tOllamh Michael Pomeroy	Breda Deedigan	An tOllamh Helen O'Neill
An Dr Seán McGrath	David O'Flynn	Judith Woodworth
³ Ger Slattery	An Dr Wynette Redington	
An Dr Peter Tiernan	Trish Long	

Bhuail an tÚdarás Ceannais le chéile aon uair déag le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, ar na dátaí seo a leanas:

06/10/2016	24/11/2016	25/01/2017
23/02/2017	31/03/2017	27/04/2017
08/05/2017	25/05/2017	29/06/2017
21/08/2017	28/09/2017	

Notes:

- Tháinig an Dr Desmond Fitzgerald in ionad Don Barry an 1 Bealtaine 2017
- Tháinig an Dr Pat Phelan in ionad Paul McCutcheon an 1 Bealtaine 2017
- Toghadh Ger Slattery i mí na Nollag 2016
- Tháinig Jack Shelly in ionad Sarah Dunphy mar Uachtarán, Aontas na Mac Léinn in Ollscoil Luimnigh (ULSU) i mí an Mheithimh 2017
- Tháinig Roberta Harrington in ionad Caolan O'Donnell mar Leas-Uachtarán, ULSU i mí an Mheithimh 2017
- Toghadh an Clr Stephen Keary ina Mhéara ar Chathair agus ar Chontae Luimnigh i mí an Mheithimh 2017
- Toghadh an Clr Sean Lynch ina Mhéara ar Dhúiche Chathrach Luimnigh i mí an Mheithimh 2017
- Tháinig an tOllamh Eugene Wall in áit an Ollaimh Michael Hayes (ar shlí na fírinne)

TUARASCÁIL AIRGEADAIS

RÁITEAS COMHDHLÚITE AGUS RÁITEAS NA HOLLSCOILE MAIDIR LE HIONCAM CUIMSITHEACH
Don bhliain airgeadais dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2017

	Comhdhlúite		Ollscoil	
	30 Meán Fómhair 2017	30 Meán Fómhair 2016	30 Meán Fómhair 2017	30 Meán Fómhair 2016
	€'000	€'000	€'000	€'000
TAIGHDE				
Deontais stáit	40,836	36,174	40,836	36,174
Táillí acadúla	92,749	89,630	92,749	89,630
Deontais taighde agus conarthaí	42,027	35,584	42,027	35,584
Seirbhísí coimhdeacha agus ioncam féinmhaoinithe eile	9,700	12,865	9,700	12,865
Amúchadh ar Dheontais Chaipitil Iarchurtha	5,913	4,113	5,913	4,113
Ioncam oibriúcháin eile	36,139	33,713	14,139	14,091
Ioncam ó ús	191	498	117	117
Sintíús	157	1,000	557	1,000
Maoiniú iarchurtha glan do shochair scoir	40,663	34,157	40,663	34,157
IONCAM IOMLÁN	268,375	247,734	246,701	227,791
CAITEACHAS				
Costais foirne	131,501	122,144	124,819	116,679
Costas seirbhíse sochair scoir	27,601	17,722	27,601	17,722
Costais oibríochta eile	70,426	68,519	64,143	61,939
Ús Iníochta agus muirir chomhchosúla	1,348	842	1,131	564
Costas úis sochair scoir	13,062	16,435	13,062	16,435
Dímheas	17,086	15,747	12,352	11,214
CAITEACHAS IOMLÁN	261,024	241,409	243,108	224,553
Barrachas roimh ghnóthachain agus cailteanais eile	7,351	6,325	3,593	3,238
Gnóthachan ar infheistíochtaí	269	226	-	-
Cailteanas ar mhaoin infheistíochta	(727)	-	(1,044)	-
Farasbarr na bliana i ndiaidh dímheas sócmhainní agus roimh chánachas agus bearnúchán	6,893	6,551	2,549	3,238
Cánachas	(1)	(4)	-	-
Barrachas na bliana	6,892	6,547	2,549	3,238
Gnóthachan/(cailteanas) achtúireach i ndáil leis an scéim sochair scoir	143,248	(205,257)	143,248	(205,257)
Coigeartú ar mhaoiniú sochair scoir iarchurtha	(143,248)	205,257	(143,248)	205,257
IONCAM cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais	6,892	6,547	2,549	3,238
Is iad sin:				
Ioncam cuimsitheach srianta don bhliain	-	-	-	-
Ioncam cuimsitheach neamhshrianta don bhliain	6,892	6,547	2,549	3,238
	6,892	6,547	2,549	3,238

TUARASCÁIL AIRGEADAIS

RÁITEAS COMHDHLÚITE AGUS RÁITEAS NA HOLLSCOILE AR STAID AN AIRGEADAIS
Don bhliain dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2017

	Comhdhlúite		Ollscoil	
	2017	2016	2017	2016
	€'000	€'000	€'000	€'000
SÓCMHAINNÍ NEAMHREATHA				
Sócmhainní Inláimhsithe	453,382	437,053	321,532	304,883
Maoin infheistíochta	5,870	5,344	4,300	5,344
Sócmhainní airgeadais	2,157	3,103	-	-
	461,409	445,500	325,832	310,227
SÓCMHAINNÍ REATHA				
Infháltais trádála agus eile	21,789	25,244	72,532	44,123
Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim	142,025	115,662	107,698	90,057
	163,814	140,906	180,230	134,180
INÍOCTHA:				
méideanna a bheidh dlite taobh istigh de bhliain amháin	(125,871)	(139,581)	(101,194)	(100,137)
SÓCMHAINNÍ REATHA GLAN	37,943	1,325	79,036	34,043
SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIS REATHA	499,352	446,825	404,868	344,270
INÍOCTHA:				
méideanna a bheidh dlite i ndiaidh bliain amháin	(247,935)	(202,300)	(242,332)	(184,283)
FORÁLACHA:				
Sochar scoir infhaighte	775,192	877,777	775,192	877,777
Forálacha sochair scoir	(775,192)	(877,777)	(775,192)	(877,777)
GLANSÓCMHAINNÍ IOMLÁNA	251,417	244,525	162,536	159,987
Cúlchistí neamhshrianta:				
Cúlchistí ioncaim	251,417	224,525	162,536	159,987
CÚLCHISTÍ IOMLÁNA	251,417	244,525	162,536	159,987

Ráitis tógtha as na Ráitis Airgeadais

Tá na Ráitis Airgeadais iomlána ar fáil anseo <https://ulsites.ul.ie/finance/financial-statements>

